

An Coimisiún um Rialáil Eitlíochta

# TUARASCÁIL BHLIANTÚIL | 2017

# Clár na n-Ábhar


1 Réamhrá L3

2 Eolas faoin gCoimisinéir um Rialáil Eitlíochta L5

3 Príomhstaitisticí L7

4 Rialú Muirir agus Sliotáin Aerfoirt L9

5 Ceadúnú Aeriompróra agus Ceaduithe Láimhseálaithe ar an Talamh L17

6 Ceadúnú do Thrádáil Taistil L23

7 Cearta Aerphaisinéirí L28

8 Riaracháin L32

9 Faisnéis Airgeadais L36

10 Aguisín L42



An Coimisiún um Rialáil Eitlíochta,
An 3ú hUrlár, Áras Alexandra, Ardán Phort an Iarla, Baile Átha Cliath 2, D02 W773.
Teil: +353 1 6611700 Facs: +353 1 6611269 www.aviationreg.ie ríomhphost: info@aviationreg.ie


Tá an Coimisiún buíoch d'Údarás Aerfort Bhaile Átha Cliath (ÚABÁC) as soláthar na n-íomhánna ardchaighdeáin a úsáidtear sa tuarascáil seo.




# 1 Réamhrá

# 1

# Réamhrá



**Cathy Mannion**
Coimisinéir

Mhéadaigh líon na bpaisinéirí ag Aerfort Bhaile Átha Cliath de 6% i 2017. Is ionann é seo agus 29.6 milliún paisinéir agus meastar go méadóidh an figiúr go dtí 30.5 milliún faoi 2019. I mí Aibreáin, de thoradh an mhéadú gan choinne a tharla le blianta beaga anuas, d'athraíomar pointe truicir an Rúidbhealaigh Thuaidh chun go mbeadh luach saothair an rúidbhealaigh ag teacht níos fearr leis an amlíne atá leagtha síos do sheachadadh an tionscadail. Chomh maith leis sin, chruthaíomar córas rialála níos solúbtha trí chóras faofa luathaithe maidir le liúntais infheistíochta caipitil a thabhairt isteach. I mí Dheireadh Fómhair, d'éascaigh an Coimisiún díospóireachtaí idir Aerfort Bhaile Átha Cliath agus na haerlínte maidir le tionscadail bhreise caipitil chun ceisteanna maidir le hacmhainní ag an aerfort a fhreagairt; cuireadh aighneacht iomlán faoi bhráid an Choimisiúin go luath i 2018.

Foilsíodh an Ráiteas Polasaí Náisiúnta ar Rialú Muirir Aerfoirt i mí Mheán Fómhair agus cuirtear chun cinn sa ráiteas an gá atá le tuilleadh rannpháirtíochta maidir le solúbthacht. Le linn 2018, oibreoimid leis an Roinn agus leis an dtionscal ag cuardach deiseanna chun an tsamhail rialála a bheachtú, chun tairbhe paisinéirí, an aerfoirt agus aerlínte.

Dúirt an Polasaí freisin gurb é an príomhchuspóir rialála ná cosaint tomhaltóirí. Tá ár bPlean Straitéiseach 2017-2019 ailínithe go hiomlán leis an gcuspóir seo ós rud é gurb é an misean atá againn leas aerphaisinéirí a chosaint. I mí na Nollag, chinneamar ar roinnt tograí ardleibhéil chun ionadaíocht paisinéirí inár gcinnteoireacht a fheabhsú; beimid i mbun comhairliúcháin go luath maidir lena bhfeidhmiú mionsonraithe.

Ghlac an oifig seo le 1,483 ghearán le linn 2017; ba mhéadú suntasach é seo ó 2016. De dheasca seo, ní raibh sé d'acmhainn againn gearáin a réiteach chomh gasta agus ba mhaith linn. Beidh socruithe in áit chun an leibhéal seo seirbhíse a fheabhsú i 2018.

I mbliana d'eisíomar ceadúnais chuig, agus rinneamar monatóireacht airgeadais ar, 15 aeriompróir, 47 láimhseálaí ar an talamh agus 261 tionscnóir turas agus ghníomhaire taistil sa thrádáil taistil. Ní raibh aon mhéadú suntasach ar líon iomlán na gceadúnas a eisíodh i gcomparáid le 2016.

Ag féachaint ar aghaidh go dtí 2018, tá tréimhse éiginnteachta ag bagairt ar aerlínte, ar thionscnóirí turas agus ar ghníomhairí taistil. Chun ceadúnas a shealbhú, caithfidh aeriompróir a bheith faoi úinéireacht thromlaigh agus faoi rialú an AE. Sa bhliain atá romhainn, beidh sé mar phríomhfhócas ag an oifig seo aghaidh a thabhairt ar na himpleachtaí a bheidh ann d'aeriompróirí atá ceadúnaithe in Éirinn sa chás nach gcomhlíontar na riachtanais seo a thuilleadh agus an Ríocht Aontaithe ina tríú tír. Freisin, déanfaimid monatóireacht ar tharraingt siar na RA ón AE, maidir leis an tiochar a bheidh aige seo ar chearta aerphaisinéirí ag taisteal amach ó Éirinn is isteach sa tír.

Maidir leis an trádáil taistil, tá scéim á reachtáil againn a íocann cúiteamh do chustaiméirí cáilitheacha sa chás go n-imíonn tionscnóir turas nó gníomhaire taistil as gnó. Is gá rialacha na scéime seo a leasú mar gheall ar Threoir nua Eorpach. I gcaitheamh na bliana, d'oibríomar leis an dtionscal chun na hathruithe is gá a chinneadh agus bhí an obair seo mar bhonn leis an gcomhairle a chuireamar ar fáil don Roinn. Tá an scéim ar bun le 35 bliana agus, i 2017, thosaíomar ar athbhreithniú d'fhonn a fháil amach an dtugann sé fós an leibhéal céanna cosanta do thomhaltóirí. Leanfar leis an dá thionscadal athchóirithe seo le linn 2018.



# 2 Eolas faoin gCoimisinéir um Rialáil Eitlíochta

# 2

# Eolas faoin gCoimisinéir um Rialáil Eitlíochta

Rialtóir eacnamaíoch neamhspleách eitlíochta na hÉireann is ea an Coimisiún agus bunaíodh é ar an 27 Feabhra 2001. Tá freagrachtaí an Choimisiúin leagtha amach thíos.

## Rialú Muirir agus Sliotáin Aerfoirt

- Caidhp praghais a leagann síos a chuireann teorainn leis an ioncam iomlán in aghaidh an phaisinéara gur féidir le ÚABÁC a bhailiú ó mhuirir aerfoirt ag aerfort Bhaile Átha Cliath
- Comhlíonadh leis an Treoir um Mhuirir Aerfoirt na hEorpa a chinntiú
- Na muirir a fhaomhadh a thoibhíonn aerfoirt ar aerlínte chun seirbhísí do phaisinéirí le soghluaiseacht laghdaithe a mhaoiniú
- Faomhadh na dtáillí gearrtha ag na húdaráis aerfoirt ag aerfoirt Bhaile Átha Cliath, Chorcaí agus na Sionainne um rochtain ar shuiteálacha riachtanacha chun seirbhísí láimhsithe ar an talamh a chur ar fáil
- Stádas sceidealaithe na n-aerfort in Éirinn a shonradh faoi na Rialacháin um Chionnroinnt Sealanna, agus éascaitheoir nó comhordaitheoir sceideal a cheapadh nuair is gá sin. Na paraiméadair acmhainne le haghaidh aerfoirt chomhordaithe a fhógairt

## Ceadúnú agus Ceaduithe

- Aeriompróirí bunaithe in Éirinn a iompraíonn paisinéirí, post nó lasta ar airgead agus/nó ar fruilliú a cheadúnú
- Gníomhairí taistil agus tionscnóirí turas ag díol taistil thar lear a cheadúnú
- Scéim bhannaithe do ghníomhairí taistil agus tionscnóirí turas a riar agus éilimh má théann gníomhaire taistil nó tionscnóir turas as gnó a láimhseáil
- Teagmhais um thrádáil neamhdhleathach líomhnaithe a fhiosrú agus cás dlí a thabhairt nuair is gá
- Deontais do chuideachtaí i mbun gníomhaíochtaí láimhsithe ar an talamh ag aerfoirt Bhaile Átha Cliath, Chorcaí agus na Sionainne a fhaomhadh

## Cearta Aerphaisinéirí

- Fiosrúchán a dhéanamh ar ghearáin faoi chealúcháin eitiltí, moillithe dhá uair a chloig ar a laghad agus teagmhais ceadanna bordála diúltaithe nó íosgrádaithe - d'eitiltí go léir atá le haerfoirt Éireannach a fhágáil agus d'eitiltí ag teacht isteach go haerfoirt Éireannach ó thíortha nach tíortha den AE iad (más iompróirí ceadúnaithe AE a oibríonn iad)
- Fiosrúchán a dhéanamh ar ghearáin a bhaineann le cabhair faighte ag paisinéirí a bhfuil soghluaiseacht laghdaithe acu nuair a bhíonn áirithint á déanamh acu, agus iad ag taisteal trí aerfort laistigh d'Éirinn nó ag bordáil eitilte ag imeacht ó aerfort Éireannach



# 3 Príomhstaitisticí



# 3

# Príomhstaitisticí

Thugamar ceadúnas do 15 Aeriompróir bunaithe in Éirinn


I 2017 phléamar le 2,666 fiosrúcháin ón bpobal ar chearta aerphaisinéirí agus fuaireamar €138,613 do phaisinéirí a bhí thíos leis de bharr cur isteach ar eitiltí

Leagamar caidhp ar mhuirir ag aerfort Bhaile Átha Cliath. I 2018 is muirear sealadach de €9.59 in aghaidh an phaisinéara a bheidh ann

I 2017 d'fhiosraíomar 8 n-aighneacht i ndáil le cearta daoine le soghluaiseacht laghdaithe

Thugamar ceadúnas agus banna do 261 ghnólacht taistil

Tá 47 gcuideachta Láimhsithe ar Talamh faofa againn




# 4 Rialú Muirir agus Sliotáin Aerfoirt

# 4

# Rialú Muirir agus Sliotáin Aerfoirt




**Adrian Corcoran**
Stiúrthóir Eacnamaíochta

Is é Adrian Corcoran an Stiúrthóir Eacnamaíochta. Tá sé freagrach as rialú eacnamaíoch Aerfort Bhaile Átha Cliath, comhordú sliotáin agus faomhadh táillí a bhaineann le rochtain ar shuiteálacha agus paisinéirí le soghluaiseacht laghdaithe. Ceapadh é don ról seo i Mí na Nollag 2014 tar éis dó a bheith ag obair mar Eacnamaí ag an gCoimisiún. Tá PhD san Eacnamaíocht aige.

## 4.1 Cur i bhfeidhm an Phlean Straitéisigh

In aguisín na tuarascála seo achoimríotar an obair atá déanta againn i 2017 agus déantar cur síos ar an mbealach a bhfuil an obair seo ag teacht lenár bPlean Straitéiseach 2017-2019. Is é príomhsprioc straitéiseach na rannóige eacnamaíochta ná seirbhísí aerfoirt a chumasú atá éifeachtúil, d'ardchaighdeán agus feasach ar shábháilteacht. Tá roinnt cuspóirí agus gníomhaíochtaí lárnach ann maidir leis an sprioc seo a bhaint amach. Léiríonn Cairt 1 na cuspóirí seo.

### Cairt 1: Cuspóirí straitéiseacha a rinneamar obair orthu i 2017




Déantar achoimre sna hailt seo a leanas ar an obair a cuireadh de láimh i 2017, rangaithe de réir gach ceann de na cuspóirí seo.

## 4.2 Muirir Éifeachtúla a Shocrú ag Aerfort Bhaile Átha Cliath

### 4.2.1 Caidhp praghais a shocrú d'Aerfort Bhaile Átha Cliath

Roimh an gcaidhp praghais a leagan síos d'Aerfort Bhaile Átha Cliath don chéad tréimhse rialála eile, a thosaíonn i 2020, táimid ag forbairt polasaí de réir an chleachtais rialála is fearr. I 2017, bhí cuid mhór den obair eile againn sa réimse seo dírithe ar athmheas a dhéanamh ar phointe truicir an Rúidbhealaigh Thuaidh agus an próiseas um chaiteachas forlíontach caipitiúil a fheidhmiú.

### 4.2.2 Rialú agus monatóireacht a dhéanamh ar sholáthar cost-éifeachtúil tionscadail caipitil

*Pointe Truicir an Rúidbhealaigh Thuaidh*

I mí Aibreáin, d'athraíomar an pointe truicir maidir le luach saothair an Rúidbhealaigh Thuaidh, chun an luach saothair a ailíniú níos fearr leis an amlíne atá ann do chur i gcrích an tionscadail.[1] Dá bharr sin, ní dhéanfar mórchuid na gcostas a bhaineann leis an Rúidbhealach Thuaidh a athghnóthú sula mbíonn an rúidbhealach ag feidhmiú.

[1] https://www.aviationreg.ie/_fileupload/Decision%20MASTERCOPY%202017-04-28.pdf


*Próiseas Faofa um Chaiteachas Forlíontach Caipitiúil*

I mí Dheireadh Fómhair, rinneamar comhairliúcháin le húsáideoirí ag Aerfort Bhaile Átha Cliath maidir le 16 dtionscadal caipitil a moladh chun freagairt ar cheisteanna acmhainní. Lean na comhairliúcháin seo ón bpróiseas forlíontach caipitiúil a tugadh isteach i mí na Nollag 2016, chun solúbthacht sa chreat rialála a fheabhsú.[2] I mí na Nollag, chuir Aerfort Bhaile Átha Cliath 23 thionscadal molta ar aghaidh le faomhadh rialála a fháil ina leith; cuireadh 7 díobh seo isteach le linn an phróisis chomhairliúcháin.[3] Tá riachtanas agus cost-éifeachtúlacht na dtionscadal á measúnú againn mar chuid den phróiseas faofa. D'fhoilsíomar dréachtchinneadh i mí Feabhra 2018 agus táimid ag súil le teacht ar chinneadh deiridh i ndara ráithe 2018. Mar chuid den athbhreithniú seo ar chaiteachas forlíontach caipitiúil, tá sé mar aidhm againn próiseas tuairiscithe agus monatóireachta a fhorbairt, a dhéanfar a bheachtú le haghaidh cinntí amach anseo.

#### 4.2.3 Monatóireacht a dhéanamh ar Chomhlíonadh Aerfort Bhaile Átha Cliath le Cinneadh 2014.

D'fhoilsíomar torthaí ráithiúla ar mhonatóireacht cháilíocht seribhíse maidir le tréimhsí ciúála slándála, áiseanna do láimhseáil bhagáiste agus torthaí suirbhéanna paisinéirí. Ar 20 Lúnasa 2017, chuaigh an ciú slándála i gCríochfort 1 thar 30 nóiméad. Dá dheasca seo laghdófar an caidhp praghais bhliantúil faoi 0.05%; is ionann é seo agus thart ar €140,000 d'ioncam tarscaoilte.[4] Bhain Aerfort Bhaile Átha Cliath na spriocanna eile ar fad amach i 2017, lena n-áirítear na bearta suirbhé paisinéirí a léirítear i gCairt 2.

### Cairt 2: Tá gach sprioc suirbhé paisinéirí sáraithe ag Aerfort Bhaile Átha Cliath i 2017




*Foinse: Torthaí Suirbhé ACI ar Cháilíocht Seirbhíse Aerfoirt a sholáthraigh Aerfort Bhaile Átha Caliath, 2014*

2 https://www.aviationreg.ie/_fileupload/supplementary%20capex%20decision/2016-12-09%20Decision%20on%20process%20for%20supplementary%20capex%20allowances.pdf
3 https://www.aviationreg.ie/_fileupload/PACE/17-10-5%20DUB-%20PACE%20Document.pdf
4 https://www.aviationreg.ie/_fileupload/QoS/2017-10%20DAA%20QoS%20Q3%202017.pdf

# 4

## Rialú Muirir agus Sliotáin Aerfoirt

I mí na Samhna, dheimhníomar gur chomhlíon Aerfort Bhaile Átha Cliath le caidhp praghais 2016 de €10.30 ar gach paisinéir.[5] Is é an caidhp praghais sealadach le haghaidh 2018, a léirítear i dTábla 1, ná €9.59 an paisinéir.

### Tábla 1: Caidhp Praghais Sealadach 2018

| Bonnphraghas | €9.06 |
|---|---|
| Pointe Truicir - Deighilt Phiara 2 | + €0.06 |
| Coigeartú CPI | - €0.02 |
| Fobhailiú ó 2016 | + €0.48 |
| Caidhp Praghais Sealadach 2018 | €9.59 |

*Foinse: Ríomhanna CAR, Cinneadh 2014*

## 4.3 Rannpháirtíocht páirtithe leasmhara sa phróiseas cinnteoireachta a threisiú

### 4.3.1 Leibhéal méadaithe comhairliúcháin agus trédhearcachta a spreagadh maidir le socrú bliantúil muirir agus tograí bonneagair.

*Comhairliúcháin Bhliantúla faoin Treoir um Muirir Aerfoirt*

I mí Mheithimh 2017, rinneamar comhairliúchán ar threoirlínte chun an leibhéal trédhearcachta do na comhairliúcháin bhliantúla ag Aerfort Bhaile Átha Cliath a fheabhsú, mar atá riachtanach faoin Treoir um Muirir Aerfoirt.[6] Cé go raibh súil againn an cinneadh deiridh a bhaint amach i 2018, i mí Dheireadh Fómhair leagamar amach roinnt treoirlínte, agus súil againn go gcuirfeadh Aerfort Bhaile Átha Cliath agus úsáideoirí na treoirlínte sin i bhfeidhm maidir leis an gcomhairliúchán bliantúil ar mhuirir aerfoirt 2018. Baineann na treoirlínte leis na nithe seo a leanas:

- babhtaí dóthanacha comhairliúcháin,
- freagraí mionsonraithe ó Aerfort Bhaile Átha Cliath ar bharúlacha/cheisteanna úsáideoirí, agus riachtanais trédhearcachta d'úsáideoirí maidir lena réamhaisnéis tráchta ag Baile Átha Cliath, agus
- d'Aerfort Bhaile Átha Cliath maidir le huasdhátú ar an gclár infheistíochta caipitil, réamhaisnéisí tráchta agus ioncaim aerloingseoireachta, agus conas a nascann siad seo leis an gcaidhp praghais.

Roimh an gcomhairliúchán, fuair Aerfort Bhaile Átha Cliath freagraí ó cheithre aerlíne, a fhreagraíonn do 48% de thrácht paisinéirí. Bhí roinnt aerlíne eile nár thug an t-eolas in am ach a sheol é chuig Aerfort Bhaile Átha Cliath tar éis dúinn é a iarraidh. Chuir Aerfort Bhaile Átha Cliath an t-eolas is déanaí ar fáil maidir le soláthar tionscadal infheistíochta caipitil agus réamhaisnéis ioncaim don bhliain phraghasála. Bhí na haerlínte buíoch as an leibhéal meádaithe trédhearcachta le linn an chomhairliúcháin seo de thoradh na dtreoirlínte atá againn. Ach d'iarr na haerlínte go ndéanfaí tuilleadh eolais a sholáthar maidir leis na nithe seo a leanas:

- an bonn le tograí praghasála,
- éifeachtúlacht agus costas scéimeanna dreasachta, de réir threoirlínte Fóram Thessaloniki, agus
- réamhaisnéis ar eolas costais don bhliain phraghasála ag Aerfort Bhaile Átha Cliath i gcomparáid lenár gcinntiúcháin féin.

*Comhairliúcháin ar Chaiteachas Forlíontach Caipitiúil*

I mí Dheireadh Fómhair 2017, tharla comhairliúcháin fhorleathana idir Aerfort Bhaile Átha Cliath agus úsáideoirí maidir le caiteachas forlíontach caipitiúil. Leagann sé seo síos fasach maidir le plé cuiditheach. Beimid ag súil le tógáil air seo, maidir leis na comhairliúcháin ar an gclár infheistíochta caipitil don chéad tréimhse rialála eile ag tosú i 2020.

5 https://www.aviationreg.ie/_fileupload/price%20cap%20statement%202018/2018%20Provisional%20Price%20Cap.pdf
6 https://www.aviationreg.ie/_fileupload/2017/2017%20Review%20on%20Consultation%20and%20Transparency%20under%20ACD%20(with%20Annex).pdf

4

Rialú Muirir agus Sliotáin Aerfoirt

### 4.3.2 Breathnú ar conas rannpháirtíocht an phaisinéara sa phróiseas rialála a fheabhsú

I mí Aibreáin, scrúdaíomar conas a dhéanann rialtóirí ionadaíocht tomhaltóirí a fheabhsú, agus thugamar tograí ardléibhéil chun cinn maidir lenár gcreat rialála féin. I mí na Bealtaine 2017, bhuaileamar le grúpaí ionadaíocha paisinéirí: An Coimisiún um Iomaíocht agus Cosaint Tomhaltóirí, an Grúpa do Pháirtithe Leasmhara faoi Mhíchumas, an Lárionad Eorpach do Thomhaltóirí in Éirinn, an Bord Fáilte, an tÚdarás Forbartha Tionscail in Éirinn agus An tÚdarás Náisiúnta Míchumais. Bhuaileamar freisin le hAerfort Bhaile Átha Cliath, le hAer Lingus, Etihad Airways agus Ryanair. Comhairle Idirnáisiúnta na nAerfort (ACI), comhlacht tionscail, aiseolas freisin an tráth sin.


Tar éis dúinn comhairliúcháin a dhéanamh i mí Mheán Fómhair 2017 ar na roghanna ardleibhéil maidir le rannpháirtíocht an phaisinéara a fheabhsú, nochtamar an tuairim go bhfuil easpa fianaise ann gur tugadh tuairimí paisinéirí go follasach san áireamh, go nuige seo, inár bpróiseas cinnteoireachta rialála. I mí na Nollag 2017, chinneamar treoirlínte agus dreasachtaí a fheidhmiú maidir le rannpháirtíocht an phaisinéara ag Aerfort Bhaile Átha Cliath, aerlínte agus páirtithe leasmhara eile, chomh maith le rialacha chun painéal comhairleach ad hoc a bhunaigh an Coimisiún a rialú.[7] Táimid i mbun comhairliúcháin faoi láthair maidir le feidhmiú mionsonraithe na nósanna imeachta seo.[8]

## 4.4 Iomaíocht a chur chun cinn agus iontráil nua a éascú

### 4.4.1 Paraiméadair chomhordaithe sliotán a dhearbhú ag Aerfort Bhaile Átha Cliath chun an leas is éifeachtaí a bhaint as bonneagar, ag éascú iontrála aerlínte nua sa mhargadh.

Sa chéad ráithe den bhliain, rinneamar Helios Technologies Ltd a choimisiúnú chun measúnú iomlán acmhainne a dhéanamh ar Aerfort Bhaile Átha Cliath, mar chabhair dúinn chun paraiméadair chomhordaithe sliotán sna séasúir amach anseo a dhearbhú. I mí Aibreáin, chinneamar go méadófaí an acmhainn dearbhaithe rúidbhealach do shéasúr sceidealaithe an Gheimhridh 2017.[9] I mí Mheán Fómhair, chinneamar freisin ar roinnt mhéadaithe ar na paraiméadair don Samhradh i 2018.[10] Agus muid ag tnúth le Samhradh 2018, tá timpeallacht Aerfort Bhaile Átha Cliath ag éirí níos srianta fós mar gheall ar an bhfás a bhí ann i 2015-2017. Is airde an t-éileamh iomlán ar shliotáin do Shamhradh 2018 ná an acmhainn dearbhaithe. Léiríonn Cairt 3 gur beag an acmhainn spártha atá fagtha ar feadh an chuid is mó den lá, le linn buaicthréimhse an tSamhraidh.

**Cairt 3: Is airde an t-éileamh rúidbhealaighi do chuid mhór uaireanta i rith Samhraidh 2018 ná an acmhainn dearbhaithe.**




*Foinse: Réamh-Thuarascáil Comhordaithe Airport Coordination Limited do Sceideal Samhraidh 18. Buaic-Sheachtain*

7 https://www.aviationreg.ie/_fileupload/2017/17-12-21%20Decision%20Passenger%20Representation.pdf
8 https://www.aviationreg.ie/_fileupload/Winter%202017%20capacity%20declaration%20decision.pdf
9 https://www.aviationreg.ie/_fileupload/s18/Decision%20Summer%202018%20Coordination%20Parameters(1).pdf
10 https://www.aviationreg.ie/_fileupload/coordination%20parameters%20timeline%20consultation/Decision%20on%20timeline%20for%20future%20capacity%20decisions.pdf

4


Rialú Muirir agus Sliotáin Aerfoirt

Cuimsíonn an próiseas cinnteoireachta maidir le paraiméadair ag Aerfort Bhaile Átha Cliath a dhearbhú rannpháirtíocht fhorleathan le Coiste Comhordaithe Aerfort Bhaile Átha Cliath agus soláthar fianaise (mar shampla, samhaltú ionsamhlúcháin). I mí Eanáir 2018, d'fhoilsíomar amlíne don rannpháirtíocht seo, a chuirfear i bhfeidhm maidir le cinntí amach anseo.[11]

***Bréagthariscint do Shliotáin ag Aerlínte ag Aerfort Bhaile Átha Cliath***

Cuireann bréagthairiscint - sé sin, nuair a iarrann iompróirí sliotán a thugtar ar ais ar nó roimh an spriocdháta chun sliotáin a thabhairt ar ais - sliotáin luachmhara as an áireamh ar feadh tréimhse fhada. I bhfianaise na srianta acmhainní atá ann faoi láthair ag Aerfort Bhaile Átha Cliath, tá an bhréagthairiscint ag cothú deacrachtaí. Léiríonn Cairt 4 an méid bréagthairisceana a bhí ann le linn Samhraidh 2017. I 2018, tá sé i gceist againn bealaí féideartha a chuardach chun aghaidh a thabhairt ar an gceist seo.

**Cairt 4: Bréagthairiscint arna léiriú leis an difríocht gluaiseachtaí idir an Liosta Cionroinnte Sliotán (LCS) agus an Spriocdháta chun Sliotáin a Thabhairt ar Ais (STA).**




*Foinse: Airport Coordination Limited*

**4.4.2 Comhordaitheoir neamhspleách sliotán a cheapadh**

Thugamar chun críche an próiseas tairisceana chun Comhordaitheoir Bhaile Átha Cliath a cheapadh. Tá Airport Coordination Limited (ACL) faoi chonradh ó mhí Dheireadh Fómhair 2017 go 2020, le rogha an conradh a shíneadh ar feadh dhá bhliain bhreise. Sa phróiseas tairisceana bhí rannpháirtíocht shuntasach le hAerfort Bhaile Átha Cliath agus na haerlínte chun a chinntiú go mbreathnófaí go hiomlán ar a gcuid riachtanas comhordaithe.

**4.4.3 Smachtbhannaí ar aerlínte a fheidhmíonn gan sliotán a chur i bhfeidhm**

I mí Dheireadh Fómhair 2017, chinneamar leasú a dhéanamh ar na treoirlínte reatha feidhmiúcháin don Scéim Éireannach um Cheadú Sliotán.[12] Bhí gá le cur i bhfeidhm níos láidre, a rinneadh i mí Mheithimh, i bhfianaise líon na bpaisinéirí ag Aerfort Bhaile Átha Ciath a bheith ag méadú, rud a léiríonn go bhfuil cloí le sliotáin ríthábhachtach d'oibriú an aerfoirt.[13] Tá ár gcinneadh dírithe ar dhreasachtaí breise airgeadais agus clú atá ag oibreoirí cloí le sliotáin, chomh maith le breis trédhearcachta sa chóras, rud a chruthóidh do pháirtithe leasmhara go bhfuil an scéim á feidhmiú ar bhonn atá cóir agus comhsheasmhach.

**4.4.4 Cinntiú go bhfuil na táillí a ghearrtar ar Láimhseálaithe ar an Talamh oiriúnach, oibiachtúil, trédhearcach agus neamh-idirdhealaitheach**

I 2017, fuaireamar iarratas amháin um tháille ATI a fhaomhadh, a tharraing an t-iarratasóir siar ina dhiaidh sin.

11 https://www.aviationreg.ie/_fileupload/coordination%20parameters%20timeline%20consultation/Decision%20on%20timeline%20for%20future%20capacity%20decisions.pdf
12 https://www.aviationreg.ie/_fileupload/Slot%20sanctions%20guidelines%20review-%20Oct%202017/Final%20Decision%20Slot%20Sanctions%20Guidelines%20(with%20appendix)(1).pdf
13 https://www.aviationreg.ie/_fileupload/Slots/Consultation%20sanction%20scheme%20guidelines%20and%20annex.pdf

# 4

# Rialú Muirir agus Sliotáin Aerfoirt

## 4.5 Cosaint dhóthanach a thabhairt do thaistealaithe

### 4.5.1 Athbhreithniú a dhéanamh ar shocruithe bhannaithe agus cosanta taistil chun a chinntiú go mbeidh siad éifeachtach i gcónaí

I 2017 d'oibrigh na foirne Eacnamaíochta agus Trádála Taistil i gcomhar le chéile ar thionscadal chun athbhreithniú a dhéanamh maidir le leordhóthanacht na mbearta reatha maidir le cosaint tomhaltóirí don tionscal trádála taistil. Tá plé níos mionsonraithe faoin dtionscadal seo sa rannóg ghrúpa trádála taistil den bhFóram inar ghlacamar páirt ann.

## 4.6 Rialú a Léiríonn an Dea-Chleachtas Idirnáisiúnta is Fearr

### 4.6.1 Rannpháirtíocht ghníomhach a bheith againn i bhFóram Thessaloniki na Rialtóirí Eorpacha ar Mhuirir Aerfoirt agus i measúnú na dTreorach um Muirir Aerfoirt

I mí na Nollag, d'fhoilsigh Fóram Thessaloniki na Rialtóirí Eorpacha ar Mhuirir Aerfoirt dhá thuarascáil threorach ó ghrúpa oibre den bhFóram, a bhí faoinár gcathaoirleacht. Molann an chéad tuarascáil conas is fearr measúnaithe eacnamaíocha ar chumhacht mhargaidh ("MCM") a úsáid chun a chinntiú go bhfuil rialáil eacnamaíoch ar aerfoirt san AE spriocdhírithe mar is cuí.[14] Molann an dara tuarascáil dea-chleachtais maidir le MCM a dhéanamh agus tugtar samplaí de chur i bhfeidhm MCM ag aerfoirt in Éirinn, san Ísiltír agus sa RA.[15] I 2018, déanfaimid cathaoirleacht ar obair an Fhóraim i dtrí réimse:

- Critéir chun aerfoirt a aithint ar dócha go mbeidh cumhacht shuntasach sa mhargadh acu
- Dreasachtaí agus lascainí
- Treoirlínte ar an réimse réiteach dóchúil rialála

## 4.7 Ráiteas Polasaí na Roinne Iompair, Turasóireachta agus Spóirt ar Mhuirir Aerfoirt

Chuir an Coimisiún fáilte roimh an Ráiteas Polasaí Náisiúnta ar Rialáil Muirir Aerfoirt a d'fhoilsigh an Roinn Iompair, Turasóireachta agus Spóirt i mí Mheán Fómhair 2017.[16] Maíonn an polasaí go leanfar ar aghaidh le rialáil praghais a dhéanamh ar Aerfort Bhaile Átha Cliath mar gheall ar an gcumhacht suntasach sa mhargadh atá aige. Ina theannta sin:

- Is é an príomhchuspóir straitéiseach le muirir aerfoirt a rialáil ná custaiméirí a chosaint trí dea-luach ar airgead, rogha, seirbhísí den scoth agus áiseanna atá slán sábhailte a sholáthar.
- Ní chuirfear sainordú a thuilleadh ar an gCoimisiún, agus cinneadh á dhéanamh aige, aird ar leith a thabhairt ar inbhuanaitheacht/inmharthanacht airgeadais Aerfort Bhaile Átha Cliath. Is cuid bhunúsach maidir le paisinéirí a chosaint na rudaí seo a leanas:
- Go mbeidh próiseas achomhairc aonchéime san Ard-Chúirt nó sa Chúirt Tráchtála.
- Go gcuirfear deireadh leis an mbonn reachtúil do Threoracha ón Aire maidir le cinntí; agus go gcuirfear ina áit riachtanas aird a thabhairt ar pholasaí reatha an Rialtais faoi eitlíocht agus aerfoirt.

Maidir le solúbthachtaí sa chóras rialála, léirionn an ráiteas polasaí go bhfuil gá le tuilleadh rannpháirtíochta.

14 https://www.aviationreg.ie/_fileupload/2017/1st%20report%20MPA%20FINAL%20_pdf.pdf
15 https://www.aviationreg.ie/_fileupload/2017/2nd%20report%20MPA%20FINAL%20_pdf.pdf
16 http://www.dttas.ie/sites/default/files/publications/aviation/english/national-policy-statement-airport-chargesregulation/nps-airport-charges-regulations-amended-oct-6.pdf

4

Rialú Muirir agus Sliotáin Aerfoirt

## 4.8 Ag Féachaint Chun Cinn

I 2018 is é an príomhchúram ná an t-ullmhúchán chun an caidhp praghais a shocrú don tréimhse rialála a thosóidh i 2020. Beidh comhairliúchán forleathan le linn 2018 agus 2019 mar chuid den phróiseas seo. Tosóidh an próiseas nuair a fhoilseoimid páipéar ceisteanna, atá le teacht amach i mí Aibreáin 2018. Beidh sé mar aidhm ag an bpáipéar seo tuairimí na bpáirtithe leasmhara a fháil ar na polasaithe rialála ardleibhéil, modheolaíochta agus foinsí sonraí lena n-úsáid sa chéad chinneadh eile. Ina dhiaidh sin, déanfar comhairliúcháin tionscalbhunaithe maidir le réamhaisnéisí paisinéara, an córas cáilíochta seirbhíse agus an clár infheistíochta caipitil. Táimid ag súil go dtarlóidh an comhairliúchan tionscalbhunaithe le linn 2018. Táthar ag súil go bhfoilseoidh Aerfort Bhaile Átha Cliath a phlean deiridh maidir le hinfheistíocht caipitil tar éis na gcomhairliúchán seo. Tá sé mar aidhm againn ansin an dréachtchinneadh a fhoilsiú i mí Aibreáin 2019 agus an cinneadh deiridh a fhoilsiú i mí Mheán Fómhair 2019.

**PÁIPÉAR CEISTEANNA** Aibreán 2018 → Comhairliúcháin Tionscalbhunaithe → **DRÉACHTCHINNEADH** Aibreán 2019 → **CINNEADH DEIRIDH** Meán Fómhair 2019




Ceadúnú
Aeriompróra
agus Ceaduithe
Láimhseálaithe
ar an Talamh
5

# 5

# Ceadúnú Aeriompróra agus Ceaduithe Láimhseálaithe ar an Talamh

Is é David Hodnett Ard-Abhchóide agus Leas-Choimisinéir an Choimisiúin. Aturnae é a tháinig isteach sa Choimisiún i 2003. Tá sé freagrach as Gnóthaí Dlí, Ceadúnú Aeriompróirí agus Cearta Aerphaisinéirí.



**David Hodnett**
Leas-Choimisinéir

## 5.1 Réamhrá

Is é an Coimisiún a riarann na córais cheadúnaithe agus cheaduithe in Éirinn d'aeriompróirí agus láimhseálaithe ar an talamh. Déanann an tábla thíos achoimre ar an ngníomhaíocht cheadúnaithe le linn 2017. I gcaitheamh na bliana, rinneadh monatóireacht ar shealbhóirí ceadúnais agus ceadaithe maidir le comhlíonadh leis na córais reachtaíochta a rialaíonn na hearnálacha sin.

### Tábla 2: Líon Ceadúnas agus Ceaduithe, 2017

| | Aeriompróirí | Láimhseálaithe ar an Talamh | |
|---|---|---|---|
| | | Féin-Láimhseálaithe | Tríú Páirtithe |
| Sealbhóirí ceadúnais, 1 Ean 2017 | **14** | **9** | **36** |
| *Ceadúnais/Ceaduithe nua* | 1 | 1 | 2 |
| *Ceadúnas aisghairmithe/tugtha suas* | 0 | 0 | 1 |
| Sealbhóirí ceadúnais, 31 Noll 2017 | **15** | **10** | **37** |

## 5.2 Ceadúnais d'Aeriompróirí

Ag deireadh 2017 thug an Coimisiún amach 15 cheadúnais d'aeriompróir bunaithe in Éirinn chun dul i mbun oibríochtaí aeriompair thráchtála. Le linn na bliana, ghlac an Coimisiún le dhá hiarratas ar cheadúnas oibríochta (Catagóir A araon[17]). I gcás iarratais amháin eisíodh ceadúnas nua oibríochta (do Scandinavian Airlines Ireland Limited i mí na Nollag 2017) agus bhí an dara iarratas fós idir lámha ag deireadh 2017. Tá liosta iomlán sealbhóirí ceadúnais suas chun dáta ar fáil ar shuíomh gréasáin an Choimisiúin.

Le linn na bliana bhí na sealbhóirí ceadúnais go léir faoi réir monatóireachta chun comhlíonadh leis an reachtaíocht cheadúnaithe ábhartha i ndáil le hoiriúnacht airgeadais, clúdach árachais agus úinéireacht agus rialú a chinntiú. Leanamar le monatóireacht a dhéanamh go dlúth ar staid airgeadais aeriompróirí, go háirithe iad siúd le staid airgeadais níos laige trí shonraí airgeadais a chur isteach níos minice agus trí chruinnithe rialta.

Chun modh inaitheanta ar féidir teacht air go héasca a chur ar fáil chun a chinntiú go bhfuil oibreoir ceadúnaithe, eisíodh dioscaí ceadúnais d'oibreoirí aerárthacha beaga agus oibreoirí héileacaptair le taispeáint i ngach ceann dá n-aerárthach cláraithe mar atá liostaithe ar a dTeastas Aeroibreora arna eisiúint ag Údarás Eitlíochta na hÉireann.

### Diosca Ceadúnais Aeriompróra




17 Ceadaítear do Shealbhóirí Ceadúnais Chatagóir A paisinéirí, lastas agus/nó post a iompar ar aerárthach le 20 suíochán nó níos mó agus/nó níos mó ná 10 dtona UÉT (Uasmhais Éirithe ón Talamh).

# 5

## Ceadúnú Aeriompróra agus Ceaduithe Láimhseálaithe ar an Talamh

Fuaireamar iarratas amháin i 2017 ó shealbhóir ceadúnais reatha maidir le faomhadh a fháil chun aerárthach fheistithe arna gclárú lasmuigh den Aontas Eorpach a léasú. Ar deireadh ní dheachaigh an sealbhóir ceadúnais bainteach ar aghaidh leis an iarratas faofa seo mar gheall ar athrú intinne agus, dá bharr seo, ba chuideachta chomhlachaithe a dhein an t-aerárthach fheistithe bainteach a léasú ina ionad.

Fuaireamar naoi n-aighneacht freisin le linn 2017 ó aeriompróirí Éireannacha tionscnaithe faoi Airteagal 8 (5) den Rialachán Ceadúnaithe a éilíonn ar an gCoimisiún fógra a fháil roimh aon athruithe suntasacha i scála a gcuid ghníomhaíochtaí,[18] roimh aon chumaisc/éadálacha beartaithe nó sa chás go bhfuil athrú úinéireachta. I dteannta le leagan amach na n-athraithe beachta go cruinn, féadfaidh an Coimisiún plean gnó athchóirithe a iarraidh sa chás ina mheastar go mbeidh tionchar suntasach ag na hathruithe atá á bhfógairt ar chúrsaí airgeadais aeriompróra. Sa chás go mbaineann na hathruithe le haerárthaigh nua a oibriú, is gá don Choimisiún sonraí árachais a scrúdú chun a chinntiú go gcloíonn siad leis na riachtanais chuí, chomh maith le sonraí an mhodha éadála (e.g. ceannach/léasú) agus na téarmaí agus coinníollacha a bhaineann leis an gconradh.

Léiríonn Tábla 3 thíos achoimre ar an líon aighneachtaí a breathnaíodh faoin Alt seo i 2017 de réir chineál an fhógra:

### Tábla 3: Aighneachtaí 2017 faoi Alt 8 (5)

| Cineál Fógra faoi Alt 8 (5) | Líon aighneachtaí 2017 |
|---|---|
| Roimh aon athruithe suntasacha ar an scála gníomhaíochtaí (lena n-áirítear athruithe ar chineál nó líon na n-aerárthach a úsáidtear) | 6 |
| Roimh aon chumaisc/éadálacha beartaithe | 1 |
| Athruithe úinéireachta agus riartha | 2 |

Ag teacht lenár gcuspóirí straitéiseacha mar atá leagtha amach i bPlean Straitéiseach 2017-2019 an Choimisiúin, thosaíomar athbhreithniú ar ár gcórais agus ár bpróisis inmheánacha, chun ár gcuspóir maidir le córas éifeachtúil ceadúnaithe a oibriú a bhaint amach agus chun a chinntiú go bhfuilimid éifeachtach. Bhí obair ar an athbhreithniú áirithe seo fós ar siúl ag deireadh 2017. Mar chuid den athbhreithniú seo, tosaíodh ar chruinnithe comhlíonta ar stíl nua le haeriompróirí agus seicliosta nua chun na cruinnithe seo a éascú. Le linn 2017, rinneamar trí chuairt chomhlíonta ar aeriompróirí.

Ag teacht leis na cuspóirí straitéiseacha maidir le ceadúnú aeriompróraí, bhí an chéad chruinniú againn le hÚdarás Eitlíochta na hÉireann faoi chomhordú agus comhoibriú níos fearr a bhaint amach inár róil faoi seach in eisiúint ceadúnais do haeriompróirí, agus d'aontaíomar ár socruithe comhroinnte faisnéise a athbhreithniú. Táthar ag súil go dtionólfar cruinnithe rialta amach anseo maidir le hábhair chomhspéise.

Ghlac an Coimisiún páirt i gceardlann a d'óstáil Údarás Eitlíochta Shibhialta an RA do rialtóirí ceadúnaithe eitlíochta. Príomhghné den cheardlann is ea cothroime iomaíochta a chur chun cinn maidir le riachtanais cheadúnaithe oibríochta laistigh den Aontas Eorpach agus iarracht a dhéanamh muinín a thabhairt don tionscal as cur i bhfeidhm riachtanas den chineál sin go cothrom agus go comhsheasmhach. Is deis í freisin taithí a roinnt, dea-chleachtas a fhorbairt agus comhchaidrimh oibre a fheabhsú. D'fhreastail Coimisiún na hEorpa agus ionadaithe ó roinnt Bhallstát eile ar an gceardlann. Ba iad na príomhabhair a pléadh ná dócmhainneacht aerlínte, léasú aerlínte, riachtanais maidir le príomháit ghnó, teacht chun cinn aerlínte cianaistir ísealchostais agus thug an Coimisiún Eorpach na rannpháirtithe suas chun dáta maidir le rialáil an AE.

I gcomhthéacs an 'Straitéis Eitlíochta don Eoraip' a d'fhoilsigh an Coimisiún Eorpach i mí na Nollag 2015, d'aithin an CE an gá atá ann cinnteacht dhlíthiuil a thabhairt d'infheisteoirí agus d'aerlínte maidir le Rialachán (CE) Uimh 1008/2008 a fheidhmiú i leith forálacha faoi úinéireacht agus riaradh aerlínte san AE. Le linn 2016 scaipeadh dréacht-threoirlínte léirmhíniúcháin ar Bhallstáit agus seoladh comhairliúchán dírithe. D'fhoilsigh an Coimisiún Eorpach leagan deiridh de na treoirlínte léirmhíniúcháin ar an 8ú Meitheamh 2017 agus tá cóip ar fáil ar ár suíomh gréasáin ag,

https://www.aviationreg.ie/airline-licensing-the-commissions-role/ownership-and-control.787.html.

[18] Is féidir a áireamh sna hathruithe ábhartha oibriú aersheirbhís nua chuig an mhór-roinn nó réigiún domhanda nár freastalaíodh orthu cheana, athruithe i líon nó i gcineál na n-aerárthach a oibrítear nó aon athruithe eile i scála a gcuid ghníomhaíochtaí.

# 5

## Ceadúnú Aeriompróra agus Ceaduithe Láimhseálaithe ar an Talamh


I mí na Samhna 2016, mar a fhoráiltear i bPlean Gníomhaíochta na Straitéise Eitlíochta, d'fhoilsigh Coimisiún na hEorpa Treochlár do mheasúnú a dhéanamh ar Rialachán (CE) Uimh 1008/2008 ar rialacha comónta d'oibriú aersheirbhísí sa Chomhphobal. Táthar ag súil le próiseas forleathan comhairliúcháin maidir leis seo agus déanfaidh an Coimisiún monatóireacht ar an bpróiseas agus glacfaidh sé páirt ann de réir mar is cuí.

I mí na Nollag 2017, d'fhoilsigh an Coimisiún Eorpach 'Fógra d'oibreoirí atá faoi reachtaíocht an Aontais sa réimse aeriompair'; leagann sé seo amach iarmhairtí dlíthiúla áirithe a éiríonn as rialacha reatha infheidhme de dhlí an Aontais sa réimse aeriompair, tráth a thiocfaidh deireadh le Ballraíocht RA san AE ó mheánoíche ar an 30ú Márta 2019, agus gur 'tríú tír' a bheidh ann ansin, chun críche gach dlí príomhúil agus tánaisteach den Aontas. Ós rud é gurb é ceann de na coinníollacha cáilitheacha chun ceadúnas a fháil agus a choimeád ná go bhfuil tromlach úinéireachta agus riartha aeriompróra ag Ballstáit AE agus/nó náisiúnaigh Ballstát AE (i.e. na riachtanais úinéireachta agus riartha), is é príomhfhócas an Choimisiúin, agus idirbheartaíochtaí ar leibhéal an AE á leanúint acu, ná breathnú ar na himpleachtaí a bheidh ann d'aeriompróirí áirithe atá ceadúnaithe in Éirinn, sa chás nach gcomhlíontar na riachtanais seo a thuilleadh nuair is tríú tír í an Ríocht Aontaithe.

### 5.3 Ceaduithe Láimhseálaithe ar an Talamh

Ag deireadh 2017 bhí 10 bhféinláimhseálaithe ar an talamh faofa (sé sin i gcás go roghnaíonn an aerlíne seirbhísí láimhseála ar an talamh a chur ar fáil di féin) agus 37 soláthróirí faofa ar sheirbhísí láimhseála ar an talamh nó láimhseálaithe tríú páirtí (i.e. cuideachta i mbun seirbhísí láimhseála ar an talamh a chur ar fáil mar aerlíne nó cuideachta láimhseála ar an talamh thiomanta). De na féin-láimhseálaithe faofa tá 3 cinn faofa freisin chun seirbhísí láimhseála ar an talamh a chur ar fáil do thríú páirtithe. Tá liosta iomlán de shealbhóirí faofa á choimeád suas chun dáta ar shuíomh gréasáin an Choimisiúin. Léiríonn Cairt 5 anailís ar líon na bhféin-láimhseálaithe agus soláthróirí seirbhísí láimhseála ar an talamh faofa de réir aerfoirt. Oibríonn cuid acu i níos mó ná aerfort amháin.

**Cairt 5: Láimhseálaithe faofa de réir cineáil agus Aerfoirt 2017**




Le linn 2017, dheonaigh an Coimisiún faomhadh amháin féin-láimhseálaithe ar CHC Scotia Limited agus dhá fhaomhadh nua láimhseálaithe tríú páirtí ar na cuideachtaí seo a leanas:

- Direct Maintenance Ireland Limited (Aerfort Bhaile Átha Cliath)
- Metis Technical Limited (Aerfort Chorcaí)

Fuarthas iarratas amháin eile ar fhaomhadh mar láimhseálaí tríú páirtí le linn 2017 agus bhí sé seo fós idir lámha ag deireadh 2017 ag fanacht lena thuilleadh eolais ón gcuideachta a rinne an t-iarratas.

# 5

## Ceadúnú Aeriomprόra agus Ceaduithe Láimhseálaithe ar an Talamh

I gcaitheamh na bliana, tharraing an Coimisiún siar an faomhadh mar láimhseálaí tríú páirtí a bhí ag Aviacare B.V. toisc nach raibh an chuideachta ábalta a thuilleadh cloí le riachtanais na Rialachán um Láimhseáil ar an Talamh.

I gcaitheamh na bliana, scrúdaigh agus d'fhaomhaigh an Coimisiún iarratais ó QAFBO Services Limited agus Alpha Flight Ireland Limited maidir le hoibríochtaí a leathnú chuig aerfoirt eile. Chomh maith leis sin, fuair an Coimisiún iarratas ó láimhseálaí amháin tríú páirtí, atá lonnaithe ag Aerfort Bhaile Átha Cliath, maidir le dul i mbun gníomhaíochtaí breise láimhseálaithe ar an talamh. Bhí an t-iarratas seo fós faoi bhreathnú ag deireadh 2017 ag fanacht ar dhoiciméadú breise ón gcuideachta a rinne an t-iarratas.

Eisítear ceadanna ar feadh tréimhse cúig bliana. D'athnuaigh an Coimisiún cúig chead i 2017 tar éis cur i gcrích rathúil an phróisis athnuachana.

Ag teacht lenár gcuspóirí straitéiseacha mar atá leagtha amach i bPlean Straitéiseach 2017 go 2019 an Choimisiúin, thosaíomar le hathbhreithniú a dhéanamh ar ár gcórais agus ár bpróisis inmheánacha, chun ár gcuspóir maidir le córas éifeachtúil ceadúnaithe a oibriú a bhaint amach agus chun a chinntiú go bhfuilimid éifeachtach. Bhí obair ar an athbhreithniú áirithe seo fós ar siúl ag deireadh 2017. Mar chuid den athbhreithniú seo, thosaíomar ar chruinnithe comhlíonta ar stíl nua le haeriompróirí agus seicliosta nua chun na cruinnithe seo a éascú. Le linn 2017, thugamar cuairteanna comhlíonta ar chúig chuideachta láimhseálaithe ar an talamh faofa atá ag oibriú ag Aerfoirt Bhaile Átha Ciath, Chorcaí agus na Sionainne. Thugamar cuairt freisin ar na húdaráis aerfoirt bhainteacha chun aon cheisteanna a éiríonn i gcomhthéacs an róil atá againn maidir le láimhseáil ar an talamh a phlé.

Tugadh isteach foirm iarratais nua maidir láimhseáil ar an talamh le linn 2017. Is féidir an fhoirm PDF seo a líonadh go tapa agus tá sé éasca agus áisiúil le húsáid. Ceadaíonn sí doiciméid a cheangail léi agus is féidir í a oscailt, a líonadh isteach agus a shábháil ar ríomhaire an iarratasóra sula gcuirtear í ar aghaidh. Mar chuid den phróiseas chun foirm iarratais nua a thabhairt isteach, thug an Coimisiún suas chun dáta a n-ábhar treorach faoi iarratas a dhéanamh ar chead láimhseálaithe ar an talamh.[19]

Le linn 2017, d'fhoilsigh an Coimisiún foirm iarratais nua agus ábhar treorach maidir le hiarratais ar leasú ar Chead Láimhseálaíthe ar an Talamh ar a shuíomh gréasáin. Go hiondúil, baineann iarratais ar leasú le gníomhaíochtaí atá ag iarraidh seirbhísí nua láimhseála ar an talamh a sholáthar nó seirbhísí láimhseála ar an talamh a sholáthar ag suíomh nua aerfoirt.

Sular críochnaíodh agus foilsíodh ár bPlean Straitéiseach i mí Bealtaine 2017, chuir an Coimisiún próiseas comhairliúcháin i gcrích. Thug an freagra ó Aerfort Bhaile Átha Cliath ach go háirithe aghaidh ar láimhseáil ar an talamh agus conas a d'fhéadfaí éifeachtúlacht maidir le soláthar na seirbhísí seo a fheabhsú. Pléadh freisin an cheist maidir le sábháilteacht oibríochtaí agus na cumhachtaí atá ag Udarás Aerfort Bhaile Átha Cliath na cleachtais shábháilteachta is gá a chur i bhfeidhm ar láimhseálaithe ar an talamh ag Aerfort Bhaile Átha Cliath. Luaigh aerfoirt eile an t-imní áirithe seo freisin ó am go céile le linn ár bplé leo.

Ceann de na spriocanna straitéiseacha atá againn ná díriú ar láimhseálaithe ar an talamh a sholáthar in Éirinn atá sábháilte agus tréan ó thaobh airgeadais. Chun é seo a bhaint amach, tá sé de chuspóir againn díriú ar chóras ceadúnaithe éifeachtúil a oibriú. Mar chuid den sprioc seo, agus ag freagairt do na pointí a luaigh Aerfort Bhaile Átha Cliath agus na haerfoirt i gcoitinne le linn ár gcomhairliúcháin, d'aithníomar roinnt pointí gníomhaíochta. Ceann acu seo ná breathnú ar conas go bhféadfaí cuspóirí cuí maidir le láimhseáil ar an talamh a bhaint amach ar bhealach níos éifeachtaí ag aerfoirt Éireannacha laistigh de raon feidhme na gcreat reachtach agus rialála atá ann.

Táimid den tuairim go mbeidh comhphlé cuiditheach idir an Coimisiún agus na hAerfoirt an-chabhrach chun ár bplean oibre sa réimse seo a chur chun cinn. Maidir leis sin, thionóil an Coimisiún cruinniú i mí Lúnasa 2017 agus thug sé cuireadh freastail air do na teagmhálaithe bainteacha aerfoirt atá freagrach as cúrsaí a bhaineann le láimhseáil ar an talamh. Aithiníodh pointí éagsúla gníomhaíochta sa chruinniú seo agus táthar ag súil cruinniú eile a thionóil go luath i 2018 chun dul chun cinn breise a dhéanamh.

Ag leibhéal an AE san áireamh i Straitéis Eitlíochta an Choimisiúin bhí moladh Rialachán Sábháilteachta na hEorpa Uimh 216/2008 a leasú. Foilsíodh téacs an Rialacháin mholta ag deireadh 2015 agus áirítear ann riachtanais seirbhísí láimhseála ar an talamh a chur ar fáil go sábháilte. D'eagraigh an Coimisiún cruinnithe ag Aerfoirt Bhaile Átha Cliath,

[19] https://www.aviationreg.ie/groundhandling-the-commissions-role/apply-for-an-approval.147.html

# 5

## Ceadúnú Aeriompróra agus Ceaduithe Láimhseálaithe ar an Talamh

na Sionainne agus Chorcaí le linn 2016 chun na moltaí sin a phlé le sealbhóirí láimhseála ar an talamh faofa agus le húdaráis aerfoirt. Le linn 2017, leanadh leis an bplé ar leibhéal an AE maidir leis an moladh seo; ní raibh aon ní suntasach le tuairisciú ón bplé maidir leis na forálacha um láimhseáil ar an talamh. Leanfaidh an Coimisiún le monatóireacht ar dhul chun cinn maidir leis an moladh seo. Beidh gá le breathnú ar conas a réiteoidh aon mholadh nua leis an gcóras láimhseála ar an talamh in Éirinn atá ann faoi láthair agus leis an bpróiseas Faofa a riarann an Coimisiún. Leanfaimid ag obair le gníomhaireachtaí eile agus údaráis aerfoirt maidir leis na moltaí nua agus coimeádfaimid an tionscal ar an eolas.

### 5.5 Ag Féachaint Chun Cinn

I mí na Nollag d'fhoilsigh an AE fógra ina leagtar amach na hiarmhairtí dlíthiúla maidir le haeriompar sa chás go bhfágann an RA an AE. Sa bhliain atá romhainn, beimid ag díriú go dlúth ar na himpleachtaí d'aeriompróirí áirithe atá ceadúnaithe in Éirinn maidir le húinéireacht agus riaradh. Leanfaimid orainn freisin leis an gcóras ceadúnaithe agus faofa atá againn a riaradh agus leanfaimid lenár gcruinnithe le haerlínte agus le láimhseálaithe ar an talamh chun oibleagáidí a phlé maidir le comhlíonadh ceadúnais agus tuairisciú airgeadais.









# 6

# Ceadúnú do Thrádáil Taistil



# 6

# Ceadúnú do Thrádáil Taistil



Josephine O'Reilly
Stiúrthóir Airgeadais

Ball de Chomhlachas na gCuntasóirí Deimhnithe Cairte in Éirinn is ea Josephine O'Reilly. Tháinig sí chuig an gCoimisiún in Aibreán 2001 agus is Stiúrthóir Airgeadais í. Tá sí freagrach as Ceadúnú Trádála Taistil agus tugann sí tacaíocht freisin do na réimsí láimhseála ar an talamh agus ceadúnaithe aerlíne maidir le feidhmíocht airgeadais a gcuid eintiteas ceadúnaithe.

## 6.1 Cad a dhéanaimid

Tá cúig phríomhról ag an bhFoireann Trádála Taistil faoin réimse leathan ar a dtugtar 'ceadúnú trádála taistil':

- Ceadúnas a thabhairt do ghniomhairí taistil agus tionscnóirí turas a cheannaíonn agus a dhíolann taisteal thar lear
- Scéim bhannaí do ghníomhairí taistil agus do thionscnóirí turas a riar
- Riarachán an Chiste um Chosaint Taistealaithe (a bunaíodh a bhuí tobhach a gearradh ar phaisinéirí tionscnóirí turas idir 1983 agus 1987)
- Éilimh ar aisíoc agus ar athdhúichiú a láimhseáil sa chás go dtéann gníomhaire taistil nó tionscnóir turas ceadúnaithe as gnó
- Cásanna a scrúdú ina líomhnaítear gur tharla trádáil mhídhleathach agus, nuair is gá, trádálaithe mídhleathacha a ionchúiseamh

## 6.2 Ceadúnais a Eisíodh


Ag deireadh 2017, bhí 261 ghnóthas taistil ceadúnaithe ag an gCoimisiún chun oibriú mar ghníomhaire taistil nó mar thionscnóir turas in Éirinn (Tábla 4). I gcaitheamh na bliana, tharraing 12 ghnóthas siar ón mhargadh ar chúiseanna éagsúla, agus d'eisíomar ceadúnais chuig 4 iarrastóir nua. Fuaireamar breis agus 50 fiosrú maidir le ceadúnais nua.

### Tábla 4: Lion Ceadúnas 2017

| | Gníomhairí Taistil | Tionscnóirí Turas |
|---|---|---|
| Sealbhóirí ceadúnais, 1 Ean 2017 | 225 | 44 |
| Ceadúnais Nua | 4 | 0 |
| Ceadúnais nár athnuadh | 7 | 5 |
| Sealbhóirí ceadúnais, 31 Noll 2017 | 222 | 39 |

Ó 2016 tá laghdú beag feicthe againn maidir le líon na ngníomhairí taistil agus na dtionscnóirí turas atá ag iarraidh ceadúnais ón gCoimisiún. D'ainneoin seo, tá méadú tagtha ar na suimeanna airgid maidir le Láimhdeachas Réamh-Mheasta faoi Cheadúnú (LRMC) agus suim na mBannaí.

### Cairt 6: Gníomhairí Taistil agus Tionscnóirí Turas Ceadúnaithe, 2017



## 6.3 Socruithe Bannaithe

Faoin reachtaíocht atá ann, tá ceanglas ar ghníomhairí taistil agus ar thionscnóirí turas socruithe a chur i bhfeidhm a thugann cosaint don phobal taistil má scoireann comhlacht de bheith ag trádáil.

Caithfidh eintitis atá bunaithe in Éirinn Banna a sholáthar. Tá trí chineál Banna ar fáil: -

1) Banna Bainc - Ráthaíocht Bainc de shuim an bhanna.
2) Banna Árachais - Polasaí Árachais a chlúdaíonn suim an bhanna.
3) Banna Airgid Tirim - Airgead Tirim taiscthe leis an gCoimisiún a chlúdaíonn suim an bhanna.

Glacfaidh an Coimisiún le dhá cheann ar bith díobh seo thuas i dteannta a chéile.

Ríomhtar an Banna mar chéadatán de Láimhdeachas Réamh-Mheasta faoi Cheadúnú (LRMC) bliantúil thar thréimhse an cheadúnais. Faoi lathair, tá na bannaí socraithe ag 4% do ghníomhairí taistil agus ag 10% do thionscnóirí turas. Tá achoimre i dTábla 5 de na figiúirí láimhdeachais faoi cheadúnú don trádáil taistil i 2017.

### Tábla 5: Láimhdeachas faoi Cheadúnú agus Bannú

| Eintitis Cheadúnaithe | 2017 (€milliún) | | 2016 (€milliún) | |
|---|---|---|---|---|
| | Banna | PLTO | Banna | PLTO |
| **Gníomhaire Taistil (4%)** | 47 | 1,164 | 41 | 1,033 |
| **Tionscnóir Turas (10%)** | 19 | 195 | 19 | 188 |
| **Iomlán** | 66 | 1,359 | 60 | 1,221 |

I gcás gnóthais nach bhfuil bunaithe in Éirinn, caithfidh siad Banna mar a léirítear thuas a sholáthar nó fianaise urrúis maidir le pacáistí a thairgtear ar díol, mar a leagtar amach san Acht um Aerfoirt Stáit 2014.

Sa chás nach gclúdaíonn an banna costas na n-éileamh uile, clúdaítear an t-easnamh ón gCiste um Chosaint Taistealaithe. Ar dtús, maoiníodh an ciste seo trí thobhach a ghearradh ar thionscnóirí turas, ach cuireadh deireadh leis an dtobhach seo i 1987. Bhí tionchar suntasach ar an suim a bhí fágtha sa Chiste um Chosaint Taistealaithe nuair a theip ar Low Cost Holidays Spain SL i 2016 agus an tarraingt as an gCiste ba ghá dá dheasca. Tá sé seo mar chuid den chomhairliúchán maidir leis na bearta cosaint tomhaltóirí atá i bhfeidhm agus dá dtagraítear dóibh thíos.

## 6.4 Teipeanna Comhlachtaí

I mí Dheireadh Fómhair 2017, scoir Chadwell Travel Limited de thrádáil. Ní bhfuair an Coimisiún ach 4 éileamh i gcoinne an bhanna agus dá réir sin bhí an banna leordhóthanach.

## 6.5 Comhlíonadh Monatóireachta

I gcaitheamh na bliana scrúdaigh an Coimisiún sé ghearán maidir le trádáil dóchúil neamhcheadúnaithe. Thugamar freisin roinnt cuairteanna ar chuideachtaí a raibh amhras orthu maidir le trádáil neamhcheadúnaithe agus déanaimid monatóireacht ghníomhach ar an margadh chomh maith agus is féidir linn chun comhlíonadh le coinníollacha ceadúnaithe a chinntiú. Tugaimid cuairt ar shampla sealbhóirí ceadúnais nó tugaimid cuireadh dóibh bualadh linn inár n-oifigí. I 2017 d'eagraíomar 24 chruinniú dá leithéid. Tugann na cruinnithe seo deis dúinn tuiscint níos fearr a fháil ar na gnóthais a thugaimid ceadúnas dóibh agus tugann siad deis freisin dúinn eolas a roinnt agus faisnéis a bhailiú.

## 6.6 Treoir nua um Thaisteal Láneagraithe (AE) 2015/2302

I mí na Nollag 2015, eisíodh Treoir Eorpach maidir le taisteal láneagraithe agus socruithe nasctha taistil. Beidh feidhm leis an dTreoir seo in Éirinn ón 1ú Iúil 2018. Ag teacht lenár bPlean Straitéiseach 2017-2019, thosaíomar ag obair i mí Bealtaine chun socruithe a aithint lena gcur i bhfeidhm chun riachtanais na Treorach a chomhlíonadh agus chun suntas a thabhairt do na roghanna sin a d'fhéadfaí a réiteach taobh istigh den chreat ceadúnaithe agus bannaithe atá ann cheana féin.

# 6

## Ceadúnú do Thrádáil Taistil

Tharla plé forleathan le páirtithe leasmhara ar feadh na bliana agus i mí na Samhna d'eisíomar páipéar comhairliúcháin don mhargadh ag lorg tuairimí ar an dTreoir nua.

I mí na Nollag d'eagraíomar cruinniú comhchomhairle le páirtithe leasmhara i mBaile Átha Cliath chun an páipéar comhairliúcháin a phlé. Tá sé i gceist againn cruinnithe dá leithéid a thionól ar fud na tíre i mí Eanáir agus i mí Feabhra 2018. Ag deireadh an phróisis seo, seolfaidh an Coimisiún tuarascáil deiridh chuig an Roinn Iompair Turasóireachta agus Spóirt le breithniú.

### 6.7 Ceadúnú do Thrádáil Taistil

Ceann de na cuspóirí atá againn sa Phlean Straitéiseach 2017-2019 ná cosaint dóthanach a sholáthar do thaistealaithe. Dá réir sin, i mí Lúnasa d'eisíomar páipéar comhairliúcháin, ag lorg tuairimí faoi athchóirithe dóchúla ar an gcóras ceadúnaithe agus bannaithe san Trádáil Taistil. Cuireadh na ceisteanna seo a leanas:

- An bhfuil forbairtí ábhartha sa mhargadh a ndearnadh neamhaird orthu ach atá bainteach, ag machnamh dúinn ar éifeacht agus éifeachtúlacht na scéime reatha, le cosaint sa Trádáil Taistil?
- An n-aontaíonn tú leis an dtoradh a fuarthas nach bhfuil an scéim reatha éifeachtach maidir le tomhaltóirí a chosaint?
- An n-aontaíonn tú leis an dtoradh a fuarthas go bhfuil scóip rótheorannta ann costais na scéime reatha a laghdú agus an leibhéal reatha cosanta do thomhaltóirí a choimeád?
- An n-aontaíonn tú, maidir leis an scéim a bheith éifeachtach, gur gá an scéim a dhearadh le teagmhas dóthanach chun go bhféadfaí gach éileamh a fhreagairt ina iomlán, sa chás go dtarlaíonn dhá chliseadh in aon bhliain amháin a chothaíonn an leibhéal céanna éileamh agus a bhí ag an dá chliseadh is mó i stair na scéime? Mura n-aontaíonn tú, cad iad na critéir a mholfá?
- An bhfuil aon athchóirithe eile, dar leat, a ba chóir iad a bhreathnú? Conas a chinnteodh na hathchóirithe seo go mbeadh cosaint iomlán airgeadais ag gach tomhaltóir?
- Cad iad na hathchóirithe, dar leat, a ba chóir don Choimisiún a dhéanamh, má thagaimid ar an dtuairim go bhfuil gá ann leis an scéim reatha a athrú?

Fuair an Coimisiún 42 fhreagra ar an gcomhairliúchán agus bhuail sé leis an dtionscal i mí Dheireadh Fómhair chun na ceisteanna ar láimh a phlé. Toisc go n-imreoidh trasuíomh na treorach um thaisteal láneagraithe ar an gcineál scéime atá i bhfeidhm, cinneadh ar an obair seo a roinnt ina dá chéim. Chríochnaigh an chéad chéim nuair a leagamar amach ár dtuairimí tosaigh ar an scéim reatha. Táimid den tuairim nach bhfuil an scéim éifeachtach a thuilleadh. Is gá an scéim a athchóiriú, chun gur féidir leanúint leis an leibhéal cosanta a thairiscint a bhfuil súil ag tomhaltóirí an tionscail trádála taistil leis. Tosóidh an dara céim i mí Mhárta 2018 ina ndéanfaimid measúnú ar na roghanna atá ar fáil dúinn chun scéim a chur i bhfeidhm a thairgeann an leibhéal cosanta a bhfuil súil ag tomhaltóirí leis.

### 6.8 Príomh-Tháscairí Feidhmíochta

I lár na bliana 2017, d'eisíomar páipéar comhairliúcháin maidir leis na priomh-tháscairí feidhmíochta a úsáideann foireann trádála taistil an Choimisiúin. Mhíníomar go dtéann na táscairí reatha feidhmíochta siar go 2011 agus lorgaíomar tuairimí ár bpáirtithe leasmhara maidir le sraith athchóirithe táscairí a ghlacadh a thabharfadh léargas níos cruinne ar an obair a dhéanann an fhoireann. Mholamar na céimeanna seo a leanas:

- Freagra a thabhairt d'iarrastóirí taobh istigh de sheachtain amháin ón dteagmháil tosaigh.
- Cinneadh i bprionsabal a eisiúint taobh istigh de mhí amháin ón dáta a fhaightear aighneacht iarratais chomhlánaithe.
- Ceadúnas a eisiúint taobh istigh de dhá sheachtain tar éis an bhanna nó na doiciméid uile a fháil.
- Cuntais bhliantúla a scrúdú taobh istigh de shé seachtaine ón dáta a fhaightear iad.
- An sprioc-chéadtadán a bhaint amach maidir le cuairt a thabhairt ar áitribh in aghaidh na bliana.

Tá sé i gceist againn páipéar cinnidh a fhoilsiú go luath i 2018 agus beidh na táscairí i bhfeidhm ó mhí Eanáir 2018.

# 6

Ceadúnú do Thrádáil Taistil

## 6.9 Ceadúnú agus Monatóireacht Airgeadais

Le linn 2017, rinneamar athbhreithniú ar an bpunann iomlán ceadúnas maidir le tionscnóirí turas agus gníomhairí taistil, chun a chinntiú go bhfuil na socruithe is éifeachtaí maidir le heisiúint ceadúnas agus monatóireacht airgeadais á gcur i bhfeidhm againn. Mar thoradh ar seo, bhí athruithe sna riachtanais tuairiscithe airgeadais do roinnt cheadúnaí (i dtéarmaí minicíochta agus/nó an leibhéil sonraí a bhí le soláthar). I 2018 leanfaimid orainn, ar bhonn leanúnach, agus athbhreithniú a dhéanamh ar na creat ceadúnaithe agus monatóireachta agus na riachtanais tuairiscithe airgeadais.

## 6.10 Cumann Eorpach na gCistí um Ráthaíocht Taistil agus Turasóireachta

Tá an Coimisiún ina bhall de Chumann Eorpach na gCistí um Ráthaíocht Taistil agus Turasóireachta. Cumann Eorpach é seo a bunaíodh i 2011, leis an sprioc cómónta an taistealaí a chosaint ar dhóchmhainneacht airgeadais tionscnóirí turas agus gníomhairí taistil, agus eolas agus dea-chleachtas a roinnt. D'ullmhaíomar eolas faoi Thionscnóirí Turas agus faoi Ghníomhairí Taistil in Éirinn le haghaidh suíomh gréasáin athchóirithe a seoladh go luath i 2018 (http://www.egfatt.eu). Cuireann an suíomh gréasáin seo eolas ar fáil do thomhaltóirí ar 10,000 cuideachta taistil as sé thír den AE (B, F, IRL, L, NL, UK) chomh maith leis an Eilbhéis agus an Iorua. Céim chun tosaigh is ea an bunachar sonraí seo, agus tuilleadh forbartha le teacht maidir le héascacht úsáide ar shuíomhanna gréasáin agus méadú ar bhallraíocht Chumann Eorpach na gCistí um Ráthaíocht Taistil agus Turasóireachta.

## 6.11 Ag Féachaint Chun Cinn

Táthar ag súil go mbeidh bliain ghnóthach agus spreagúil againn i 2018. Mar atá léirithe thuas, tá roinnt tionscadal ar bun againn maidir leis an dTreoir um Thaisteal Láneagraithe agus an scéim chosanta tomhaltóirí. Maoirseoidh an Coimisiún dhá bhabhta ceadúnaithe agus leanfar le monatóireacht ar eintitis cheadúnaithe ar bhonn leanúnach. Beimid ag tabhairt ceadúnais 2018 suas chun dáta le riachtanas go gcaithfear a thaispeáint ar fhógraíocht go bhfuil eintitis ceadúnaithe ag an gCoimisiún um Rialáil Eitlíochta agus go dtugtar a n-uimhir cheadúnais. Leanfaidh an Coimisiún ag obair le páirtithe leasmhara chun líomhaintí faoi thrádáil mhídhleathach a scrúdú agus beidh tionscnaimh nua i leith an ábhair seo á lorg againn.







# 7

# Cearta Aerphaisinéirí

# 7

# Cearta Aerphaisinéirí

## 7.1 Réamhrá

Le linn 2017, scríobh thart ar 2,666 bhall den phobal i gcoitinne chuig an gCoimisiún le fiosrú nó le gearán[20]. Phléamar freisin le 1,843 fhiosrú teileafóin i gcaitheamh na bliana. Bhain cuid mhór de na fiosruithe seo le heolas maidir le cearta paisinéirí i gcoitinne, an nós imeachta um ghearáin agus cúrsaí taobh amuigh de théarmaí tagartha an Choimisiúin. Mar shampla, fuaireamar fiosruithe faoi ghearáin bhagáiste, ceisteanna sábháilteachta agus fiosruithe praghasála. I gcásanna inarbh fhéidir é, cuireadh na daoine seo i dteagmháil le heagras nó le húdarás cuí chun plé leis a ngearáin.

D'eascair 1,491 ghearán in iomlán as na teagmhálacha thuas. Bhain ocht gcinn de na gearáin le cearta daoine faoi mhíchumas agus daoine faoi mhíchumas luaineachta ag taisteal d'aer agus bhain 1,483 ghearán le sáraithe dóchúla ar Rialachán 261/2004. Méadú 58% ar 2016 ab ea é sin.

## 7.2 Cealuithe, Moilleanna, Daoine nár Tugadh Cead Dóibh Dul ar Bord agus Íosghrádaithe

I dTábla 6 leagtar amach ábhair na 1,483 ghearán a fuair an Coimisiún. Bhain thart ar 34% (502) le heitiltí ag imeacht ó aerfoirt i mBallstáit eile nó le heitiltí ag teacht isteach chuig Ballstáit ó thríú thíortha (i.e neamh-AE), eitiltí á n-oibriú ag iompróirí ceadúnaithe sa Chomhphobal. D'oibrigh an Coimisiún le paisinéirí chun a chinntiú gur soláthraíodh an t-eolas ar fad atá riachtanach chun scrúdú a dhéanamh sular seoladh na gearáin seo chuig na heagrais náisiúnta feidhmithe cuí nó gur cuireadh ar chumas na bpaisinéirí é sin a dhéanamh go díreach.

### Tábla 6: Gearáin Aerphaisinéirí de réir Chineáil & Comhlacht Imscrúdaithe

| Cineál Gearáin | Le fiosrú ag an gCoimisiún | Le fiosrú ag NEB eile | Iomlán | |
|---|---|---|---|---|
| Cealuithe | 449 | 289 | 738 | 50% |
| Moill fhada | 487 | 197 | 684 | 46% |
| Diúltaíodh Cead Bordála | 40 | 16 | 56 | 4% |
| Ísliú céime | 5 | 0 | 4 | 0% |
| Uasghrádú | 1 | 0 | 1 | 0% |
| **Iomlán** | **981** | **502** | **1483** | **100%** |

Thit an 981 ghearán a bhí fágtha taobh istigh de scóip na reachtaíochta agus téarmaí tagartha an Choimisiúin araon agus mar sin rinneadh imscrúdú iomlán orthu. I 2017, réitíomar 345 de na gearáin seo; tá an 636 atá fágtha fós faoi imscrúdú nó ag fanacht le himscrúdú. Tharla moill ag plé le gearáin ar chúiseanna éagsúla lena n-áirítear athruithe ar chórais TC agus an méid fiosraithe a fuarthas agus gearáin a fuarthas maidir le cur isteach ar eitiltí. Dá dheasca seo níor tugadh freagraí ar ghearáin chomh gasta agus a bhí pleanáilte le linn na tréimhse. Rinneamar roinnt gníomhartha ceartaitheacha i 2017 agus déanfaimid a thuilleadh dá leithéid i 2018, chun feabhas a chur ar cháilíocht na seribhíse atá á soláthar againn.

As an 345[21] ghearán a phléamar leo, bhain 106 chás le gearáin a tarraingiodh siar, ar an mbonn nár thit siad taobh istigh de scóip an Rialacháin agus i gcásanna a chláraíomar sáruithe a rinne an t-aeriompróir nach raibh sásamh díreach don phaisinéir mar thoradh orthu. I 78 gcás, fuarthas go raibh cúinsí neamhghnáthacha i bhfeidhm agus breathnaíodh gur ghlac an aerlíne céimeanna réasúnta chun cur isteach na heitilte a sheachaint, agus mar sin cinneadh nach raibh aon chúiteamh iníoctha leis na paisinéirí a bhí i gceist. I 159 gcás, íocadh cúiteamh leis na paisinéirí, agus i 31 chás fuair an custaiméir aisíocaíocht de chostas a thicéad nó dá speansais.

Fuair an Coimisiún €138,613.03 i gcúiteamh do phaisinéirí mar gheall ar chur isteach ar eitiltí i 2017: €128,000 i bhfoirm chúitimh agus €10,613.03 mar aisíocaíocht.

20 Fuarthas iliomad scéala maidir le cuid mhór de na gearáin seo.
21 Tharlódh go mbeadh níos mó ná aon toradh amháin ar ghearán. Tharlódh go mbeadh aisíoc speansais faighte ag paisinéir ach freisin go mbeadh sé léirithe ag an t-aeriompróir go raibh cúinsí neamhghnáthacha i gceist.

# 7

Cearta Aerphaisinéirí

## 7.3 Daoine faoi Mhíchumas Luaineachta

I rith 2017, fuair an Coimisiún 8 n-aighneacht maidir le cearta daoine atá faoi mhíchumas luaineachta. Díobh seo, bhain 3 le ceisteanna nárbh sáruithe dóchúla ar Rialachán 1107 iad. Gearáin bhailí a bhí sna 5 chás eile agus ba ghá imscrúdú a dhéanamh orthu. I measc na gceisteanna a tháinig anuas bhí:

- An cúnamh a fuarthas ag aerfort fágála/sroichte, go háirithe cúnamh a sholáthar chuig nó ó phointe sainithe taobh istigh de theorainneacha an aerfoirt.
- An cúnamh a fuarthas i rith thuirlingt d'aerárthach.
- Iompar aeriompróirí de, ar a mhéid, dhá phíosa de threalamh luaineachta de chuid duine faoi mhíchumas luaineachta, chomh maith le trealamh leighis agus cathaoireacha rothaí leictreacha.

Bhí ceann amháin de na gearáin seo oiriúnach don eagras náisiúnta feidhmithe i dtír eile agus rinneamar imscrúdú ar na 4 cinn eile. Tá trí cinn de na gearáin tugtha chun críche agus thángamar ar chinneadh i bhfabhar na haerlíne.

## 7.4 Obair Eile

Dhein Coimisiún iniúchadh ar 6 aerfort i 2017 freisin. Rinneadh iniúchadh ar na haerfoirt seo a leanas: Baile Átha Cliath, Dún na nGall, Cnoc Mhuire agus Sionainn. Rinneadh iniúchadh trí huaire ar Aerfort Bhaile Átha Cliath[22].
Ba é cuspóir na n-iniúchtaí seo ná:

- Monatóireacht a dhéanamh ar sholáthar cúnaimh do dhaoine faoi mhíchumas luaineachta faoi réir ag Rialachán 1107/2006; agus
- Cinntiú go dtaispeánann aeriompróirí an t-eolas cruinn do phaisinéirí ag na deasca agus bothanna seiceála agus go dtugann siad eolas cruinn do phaisinéirí sa chás go bhfuil moill fhada ar eitiltí, eitiltí curtha ar ceal nó diúltuithe bordála (mar a éilítear faoi Rialachán 261/2004 an AE).

Go luath i 2017, thosaíomar ag obair le Aer Lingus faoina gcleachtais láimhseála gearán agus maidir leis an tréimhse a ghlacann sé plé le gearán agus caighdeán na bhfreagraí. Tá Aer Lingus ag deileáil lenár n-imnithe agus táimid ag súil le feabhas ar an seirbhís i 2018.

Bhí méadú suntasach i dteagmhálacha le hoifig an Choimisiúin tar éis do Ryanair a fhógairt i mí Mheán Fómhair 2017[23] faoi dhá bhabhta cealuithe a raibh tionchar acu ar na céadta míle paisinéir ar fud na hEorpa. Cuireadh isteach go díreach ar thart ar 30,000 paisinéir a raibh sé ar intinn acu imeacht ó aerfoirt in Éirinn. Ní rabhamar sásta leis an gcaoi inar fógraíodh na cealuithe seo, ná le hábhair na míreanna faisnéise tosaithe ó Ryanair (chuig na meáin agus go díreach chuig na paisinéirí a bhí thíos leis). D'oibríomar go forleathan le Ryanair chun a chinntiú gur cuireadh paisinéirí ar an eolas, chomh tapa agus ab fhéidir, maidir lena dteidlíochtaí iomlána faoi Rialachán 261. Rinneamar monatóireacht ar láimhseáil na n-éileamh sin agus ar láimhseáil na ngearán a fuarthas ó phaisinéirí tar éis na gcealaithe seo.

Maidir le hobair eile, bhí seastán eolais againn ag an Holiday World Fair i mBaile Átha Cliath i mí Eanáir 2017 chun tomhaltóirí a chur an an eolas maidir lena gcearta agus a dteidlíochtaí faoi Rialacháin 261 & 1107. Leis an gcuspóir céanna ghlacamar páirt san Active Retirement Show a tionóladh i mBaile Átha Cliath i mí Bealtaine 2017. Freisin, ritheamar feachtais spriocdhírithe sna meáin mar bhealach chun feasacht an phobail ar a gcearta agus a dteidlíochtaí a mhéadú.

Ar an leibhéal náisiúnta, ghlac an Coimisiún páirt ghníomhach i gCruinnithe leathbhliantúla an Choiste Éascaithe agus ghlacamar páirt freisin sa Choiste Comhairliúcháin Inrochtaineachta a bhfuil mar chuspóir aige inrochtaineacht sa chóras iompair iomlán in Éirinn a fheabhsú.


22 Mar gheall ar infhaighteacht acmhainní cuireadh siar na scrúduithe ar aerfoirt Chiarraí agus Chorcaí chuig dáta go luath i 2018.
23 Idir an 18ú Meán Fómhair agus an 31ú Deireadh Fómhair, fuair an Coimisiún 353 ríomhphost, 247 nglaoch teileafóin agus 41 aighneacht ar líne arbh ghearáin iad maidir leis an dá bhabhta cealuithe ag Ryanair.

## 7.5 Forbairtí AE

Ar 29 Márta 2017 d'fhógair an RA go raibh sé ar intinn aici tarraingt amach as an AE. Ciallaíonn sé seo, mura shocraítear dáta eile faoi chomhaontú aistarraingthe, nach mbeidh feidhm ar bith ag reachtaíocht AE ar an RA ó 30 Márta 2019. Faoi réir ag aon socrú idirthréimhseach a d'fhéadfaí a chuimsiú i gcomhaontú dóchúil aistarraingthe, ón dáta aistarraingthe amach, ní bheidh feidhm a thuilleadh san RA le rialacháin ghinearálta an AE maidir le reachtaíocht AE faoi chearta paisinéirí.

## 7.6 Ag Féachaint Chun Cinn

I 2018, cuirfimid i bhfeidhm socruithe chun an cháilíocht seirbhíse a sholáthraíotar agus muid ag plé le gearáin a fheabhsú. Féachaimid chuige go ndéantar deiseanna cearta paisinéirí a chur chun cinn níos mó agus leanfaimid orainn ag obair le haerlínte agus le haerfoirt chun a chinntiú go dtugtar aird ar chearta paisinéirí. Freisin, i bhfianaise an ardlíon paisinéirí idir Éire agus an RA, déanfaimid monatóireacht ar iarmhairtí tharraingt siar na RA ón AE, maidir leis an éifeacht ar chearta paisinéirí ag taisteal amach as Éirinn is isteach go hÉirinn.



# 8 Riaracháin



# 8

# Riaracháin

Comhalta is ea Brian Higgins den Institiúid Chairte um Fhorbairt agus Pearsanra; ceapadh ar an gCoimisiún i mí Iúil 2016 é mar Stiúrthóir Riaracháin tar éis dó gairm bheatha Acmhainní Daonna agus Oibríochtúil a bheith aige i ndéantúsaíocht, airgeadas agus eitlíocht. Tá sé freagrach as Acmhainní Daonna, riarachán ginearálta, rialachas corparáideach, sláinte agus sábháilteacht, saoráidí, bainistíocht TF agus caidreamh poiblí.



**Brian Higgins**
Stiúrthóir Riaracháin

## 8.1 Acmhainní Daonna

I 2017 d'fhostaigh an Coimisiún ar an meán 18 bhfostaí lán-aimseartha coibhéise (féach aguisín). Íoctar baill foirne ag rátaí ar féidir a chur i gcomparáid go díreach le postanna san Earnáil Phoiblí agus tá na rátaí seo ar fad ceadaithe ag an Roinn Caiteachais Poiblí agus Athchóirithe. Tá solúbthacht i struchtúr ár n-eagraíocht agus inár gcúraimí poist mar chuid lárnach den tseirbhís a chuireann muid ar fáil agus beidh amach anseo freisin. Maidir le gníomhaíochtaí ag tacú lenar gcuspóir straitéiseach don chreat rialála den chleachtas idirnáisiúnta is fearr a bhaint amach, rinneamar ailíniú agus feidhmiú ar phleananna oideachais, forbartha agus oiliúna bunaithe ar anailís ar riachtanais scile agus cumais an Choimisiúin.

## 8.2 Scéimeanna Aoisliúntais

Éilítear ar gach baill foirne lánaimseartha dul isteach i scéim pinsin an Choimisiúin. Bunaíodh an scéim faoin Acht um Rialáil Eitlíochta 2001. Ón 1ú Eanáir 2013, caithfidh gach fostaí nua dul isteach i Scéim Pinsin Aonair na Seirbhíse Poiblí mura gceadaítear dóibh dul isteach i scéim an Choimisiúin. Riartar an dá scéim pinsin faoi réir na riachtanas reachtúla.

## 8.3 Sláinte agus Sábháilteacht

Ag teacht leis an gcur chuige réamhghníomhach maidir le Sláinte agus Sábháilteacht, leanaimid orainn ag spreagadh ár bhfoireann chun cleachtais shábháilteachta a chur chun cinn san ionad oibre agus tá cláir oiliúna faoi gach gné den láimhsiú sábháilte, den tsábháilteacht dóiteáin, den gharchabhair (lena n-áirítear úsáid AED) curtha i gcrích againn agus leanfar leis an nós seo amach anseo. Oibrímid clár scagthástála sláinte agus cuirimid ar fáil vacsaíniú in aghaidh an fhliú ar bhonn bliantúil. Dhein an tÚdarás Slainte agus Sábháilteachta iniúchadh ar an gCoimisiúin i gcaitheamh na bliana; cinneadh go raibh an Ráiteas Sábháilteachta agus an Anailís Riosca againn cuimsitheach agus comhlíontach araon.

## 8.4 Seachfhoinsiú agus Soláthar

Mar a rinneadh sna blianta roimhe seo, leanann an Coimisiún ar aghaidh ag seachfhoinsiú neamh-bhunfheidhmeanna riaracháin a bhaineann le hIniúchadh Inmheánach, Athshlánú ó Thubaiste, Caidreamh leis na Meáin, TF agus Párolla agus leanfaidh sé air á dhéanamh seo chomh fada agus a bhíonn sé cost-éifeachtúil agus éifeachtach. Freisin, úsáidimid na cleachtais luach is fearr i ngach gné dár gcóras soláthair ag baint úsáide as seirbhísí OSR, r-thairscintí agus praghsáil iomaíoch mar is cuí. Baineadh amach sábháil suntasach bliantúil (€60k) ar chumarsáid/tacú TF/cíos.

## 8.5 Acht na dTeangacha Oifigiúla, 2003

Liostáiltear an Coimisiún um Rialáil Eitlíochta mar chomhlacht poiblí sa Chéad Sceideal d'Acht na dTeangacha Oifigiúla, 2003. I Lúnasa 2016, d'fhaomh an t-Aire Ealaíon, Oidhreachta, Gnóthaí Réigiúnacha, Tuaithe agus Gaeltachta chéad Scéim Teanga an Choimisiúin. Beidh an scéim seo bailí ar feadh tréimhse trí bliana agus tá roinnt tiomantas ann maidir le líon na seirbhísí a chuireann an Coimisiún ar fáil sa Ghaeilge a mhéadú. Tar éis faofa na Scéime, tionscnaíodh cur i bhfeidhm na dtiomantas a leagtar amach sa Scéim de réir an amlíne a socraíodh; leanann sé seo go dtí mí Lúnasa 2019 agus táthar ag súil leis go mbainfear amach an sprioc seo.

## 8.6 Saoráidí

I rith na bliana thugamar isteach polasaí deasca slán, leis an gcuspóir breise úsáid leictreachais a laghdú trí threalamh a mhúchadh ar bhonn laethúil. Laghdaíodh billí fóntais de 27% mar thoradh ar seo. Tá ár n-úsáid fuinnimh faoin tuarascáil SEAI ag teacht lenár sprioc 2020, le stádas glas agus sábháil 26.7% ón mbunlíne.

# 8

Riaracháin

## 8.7 Trédhearcacht

Cuireann an Coimisiún i gcrích a chuid feidhmeanna ar bhealach atá chomh trédhearcach agus is féidir. Foilsítear gach doiciméad a bhaineann le comhairliúcháin ar ár suíomh gréasáin (tá liosta le haghaidh 2017 mar aguisín leis an dtuarascáil seo). Ó Mhárta 2012 ar aghaidh, tá nótaí foilsithe ag an gCoimisiún ar a shuíomh gréasáin go ráithiúil ag sonrú na horduithe ceannaigh atá os cionn €20,000. I rith na bliana, fuair an Coimisiún trí hiarratas um Shaoráil Faisnéise agus iarratas amháin um Chosaint Sonraí; freagraíodh dhá cheist pharlaiminte is fiche agus chuathas os comhair Choiste an Oireachtais um Iompar, Turasóireacht agus Spórt maidir le cealuithe Ryanair agus an tionchar a bhí aige seo ar thomhaltóirí.

## 8.8 Dlíthíocht

Tar éis dá n-oifigigh údaraithe imscrúdú a dhéanamh, d'ionchúisigh an Coimisiún Apex Travel Consulting Limited i gCúirt Cathrach Bhaile Átha Cliath as trádáil mhídhleathach mar ghníomhaire taistil. Tar éis dóibh pléideáil ciontach, d'ordaigh an Chúirt don chuideachta breis agus €2,000 a íoc chuig Ospidéal Mhuire na Leanbh Cromghlinn, rud a tharla i mí Iúil 2017.

## 8.9 Rialachas Corparáideach

Tá an Coimisiún tiomanta don chaighdeán is airde sa rialachas corparáideach a choimeád. Cloíonn an Coimisiún leis an gCód Cleachtais maidir le Rialachas Comhlachtaí Stáit, i gcás inarb infheidhme é d'eagraíocht dá mhéad. Tá an Coimisinéir, ina ról mar an Duine Cuntasach, freagrach don Aire Iompair, Turasóireachta agus Spóirt ó thaobh an dea-rialachais chorparáidigh de.

### Tábla 5: Achoimre ar Rialachas Corparáideach

| | |
|---|---|
| **Cód Iompair an Choimisiúin** | Tá Cód Iompair ag an gCoimisiún do na fostaithe. |
| **Luacháil Infheistíochta** | Níor thabhaigh an Coimisiún caiteachas caipitil suntasach ar bith i 2016, a tháinig laistigh den raon gníomhaíochtaí a bheartaítear i dtreoirlínte 2005 de chuid na Roinne - Treoirlínte do Luacháil agus do Bhainistiú Tograí Caiteachais Chaipitil san Earnáil Phoiblí. |
| **Luach saothair Bhainisteoirí Sinsearacha agus Táillí Stiúrthóra** | Tugtar an t-eolas maidir leis an réimse seo san rannóg Acmhainní Daonna den tuarascáil seo. Ní bheidh feidhm ag íocaíocht tháillí an stiúrthóra. |
| **Socruithe Tuairiscithe** | Déanann an Coimisiún tuarascálacha chuig an Aire Iompair, Turasóireachta agus Spóirt de réir mar is gá. Tá córas cuntasaíochta ag an gCoimisiún atá forbartha go hiomlán, a sholáthraíonn turascálacha míosúla mionsonraithe bainistíochta agus airgeadais chuig na bainisteoirí sinsearacha. Glacaimid le Caighdeáin Idirnáisiúnta um Thuairisciú chun ár gcuntasaíocht a dhéanamh. Ríomhaimid ár gcuntais ar an gcóras cuntasaíochta fabhraithe ach amháin má shonraítear a mhalairt sna nótaí a ghabhann leis na ráitis airgeadais. Déanann an tArd-Reachtaire Cuntas agus Ciste iniúchadh ar na ráitis seo. Tá bearta i bhfeidhm ag an gCoimisiún chun cloí leis an oibleagáid leabhair chuntais chuí a choinneáil. Coinnítear iad sin ag a oifig amháin. |
| **Pleanáil Straitéiseach agus Chorparáideach.** | Tá feidhmeanna agus freagrachtaí an Choimisiúin leagtha amach san Acht Eitlíochta 2001, in Acht na nAerfort Stáit 2004, san Acht Eitlíochta 2006 agus in Acht na nAerfort Stáit (Grúpa na Sionainne) 2014 agus in Ionstraimí Reachtúla éagsúla. Tuairiscíonn an Coimisiún gach bliain don Aire Iompair, Turasóireachta agus Spóirt ar an ndóigh a rinnneadh na feidhmeanna sin a tharmligean sa bhliain roimhe sin. Tá Plean Staitéiseach 2017-2019 á fheidhmiú ag an gCoimisiúin ó thosach 2017 ar aghaidh. |
| **Polasaí Taistil** | Cloíonn an Coimisiún le riachtanais an Rialtais maidir le polasaí taistil. |
| **Leasanna a Nochtadh** | Éilítear ar an gCoimisinéir, a chuid foirne, agus na comhairleoirí uile cloí leis na coinníollacha ábhartha nochta a eascraíonn as Alt 18 den Acht um Eitic in Oifigí Poiblí 1995 agus as Ailt 17-18 den Acht um Rialáil Eitlíochta, 2001. |
| **Bainistíocht maidir le Riosca** | Tá clár riosca á choimeád ag an gCoimisiún a ndéanann lucht bainistíochta sinsearach athbhreithniú air go rialta agus oibrítear i gcomhar leis an gcoiste iniúchta d'fhonn bainistíocht a dhéanamh maidir le priacail. |

# 8

Riaracháin

## 8.10 Ag Féachaint Chun Cinn

Le cois ár bhfeidhmeanna oibríochta ó lá go lá, beimid ag déanamh athbhreithnithe ar athléimneacht chórais agus phróisis na heagraíochta chun a n-oiriúnacht don fheidhm a mheasúnú ar mhaithe le héifeachtacht níos mó agus seirbhís custaiméara níos fearr a bhaint amach. Tá gá leanúnach le solúbthacht maidir le struchtúr na heagraíochta agus na róil na bpost; beidh sé seo lárnach chun go gcoimeádfaí eolas agus oilteacht, agus chun tacú le creat rialála den chleachtas idirnáisiúnta is fearr mar thaca lenár gcuspoirí straitéiseacha.







# 9 Faisnéis Airgeadais

# 9

# Faisnéis Airgeadais

## 9.1 Réamhrá

Bliain ghnóthach eile don Choimisiún ab ea 2017. Bhí an buiséad níos mó do 2017 mar gheall ar mhéadú pleanáilte i bplé le páirtithe leasmhara agus riachtanais bhreise maidir le tacaíocht chomhairliúcháin do réimsí sainiúla. Feictear é seo san ardú 20% a tharla d'Ioncam Tobhaigh sa bhliain.

D'éirigh caiteachas foriomlán 17% sa bhliain; ba é an méadú ar chomhairleoireacht eacnamaíoch ba mhó ba chúis leis seo. Mhéadaigh an fhoireann coibhéise lánaimseartha go 17 sa bhliain, suas ó 16 i 2016. Bhí laghdú suntasach ar chostais dlíthiúla sa bhliain, de bhrí nach raibh an Coimisiún páirteach in aon chásanna leanúnacha dlí. Bhí méadú freisin ar ár gcostais fógraíochta, mar go ndearna an Coimisiún iarracht bhreise feasacht tomhaltóirí a fheabhsú maidir le Rialachán (AE) 261/2004.

Léiríonn an Ráiteas ar Staid an Airgeadais gur fhan leibhéal na mbannaí airgid tirim don trádáil taistil cothrom go maith i rith na bliana, le méadú de €143,000 amháin sa bhliain. Bhí 123 bhanna airgid i bhfeidhm ag deireadh 2017 i gcomparáid le 126 bhanna airgid ag deireadh 2016. Bhí sé seo ag méadú le blianta beaga anuas, toisc go raibh an cineál seo bhanna ag éirí níos taitneamhaí don tionscal, ach is dócha go bhfuil an t-éileamh ag cothromú amach ag an bpointe seo.

Bhí laghdú sa ghlandliteanas don scéim sochair scoir ó €935,283 ag 31/12/16 go dtí €878,347 ag 31/12/17. Ba iad na príomhthoscaí leis an athrú in easnamh an Phlean ná athruithe achtúireacha maidir le foshuíomhanna agus sárfheidhmiú infheistíochta le linn na bliana. Ag 31/12/17, ba é measúnú achtúireach an easnaimh maidir leis an scéim APSP ná €63,280.

## 9.2 Ráiteas faoin Rialú Inmheánach

Tá freagracht fhoriomlán ar an gCoimisinéir um Rialáil Eitlíochta a chinntiú go bhfuil córas éifeachtach rialaithe inmheánaigh á chothabháil agus á fheidhmiú sa Choimisiúin um Rialáil Eitlíochta. Tugann an fhreagracht seo aird ar riachtanais an Chóid Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú (2016). Tá an córas rialaithe inmheánaigh ceaptha chun priacal a bhainistiú ar leibhéal réasúnta seachas é a dhíbirt ar fad.

D'fhonn an fhreagracht seo a chomhlíonadh ar dhóigh ina ndéantar cinnte de go bhfuil gach gnó de réir reachtaíochta agus rialachán, tá struchtúr eagrúcháin curtha ar bun ag an gCoimisinéir ina bhfuil na nithe seo a leanas soiléir: nósanna imeachta maidir le feidhmiú agus tuairisciú, línte freagrachta, teorainneacha údaraithe, imscaradh dualgas agus údarás tarmligthe.

Tá Coiste um Iniúchóireacht agus Measúnú Rioscaag an gCoimisiún a fheidhmíonn faoi chairt i scríbhinn atá faofa ag an gCoimisinéir agus ar a bhfuil triúr comhaltaí seachtracha, le saineolas airgeadais agus iniúchta, agus duine acu san mar Chathaoirleach. Tháinig an CIR le chéile ceithre huaire le linn 2017.

Tá feidhm iniúchóireachta inmheánaí ag an gCoimisiún a dhéantar a sheachfhoinsiú. Bíonn obair na hiniúchóireachta inmheánaí bunaithe ar anailís ar na rioscaí a bhfuil an Coimisiún nochta dóibh; bunaítear na pleananna bliantúla iniúchóireachta inmheánaí ar an anailís sin agus aontaítear iad leis an CIR. Cuirtear gach tuarascáil iniúchta inmheánaigh faoi bhráid an CIR.

Tá Polasaí um bainistiú riosca forbartha ag an gCoimisiún, a leagann amach an inghlacthacht riosca atá aige, a léiríonn na próisis bainistithe riosca atá i bhfeidhm agus a shonraíonn róil agus freagrachtaí na foirne maidir le riosca.

Dheimhnigh an Coimisinéir, sna Dréacht-Ráitis Airgeadais i leith na bliana go dtí 31 Nollaig 2017, go ndearna an Coimisiún athbhreithniú ar éifeachtúlacht an chórais maidir le rialú inmheánach agus bainistiú riosca.

## 9.3 Iniúchadh Inmheánach

Is iad BDO Ireland iniúchóirí inmheánacha an Choimisiúin agus ritheann a chonradh go dtí 15ú Lúnasa 2019. Oibríonn an tiniúchóir inmheánach faoi stiúir an Choiste um Iniúchóireacht agus Measúnú Riosca Seachtraigh. I 2017, rinne na hiniúchóirí inmheánacha 4 iniúchadh:

- Athbhreithniú ar Chosaint Sonraí
- Athbhreithniú Leantach TF
- Athbhreithniú ar an bPróiseas Éilimh maidir le Cliseadh Low Cost Holidays
- Ráiteas um Athbhreithniú ar Rialú Inmheánach agus Bainistiú Riosca

# 9

# Faisnéis Airgeadais

## 9.4 An Coiste um Iniúchóireacht agus Measúnú Riosca

Tháinig an Coiste um Iniúchóireacht agus Measúnú Riosca le chéile 4 huaire i rith na bliana 2017. Ag gach cruinniú, thug an Coimisinéir an Coiste suas chun dáta maidir le gníomhaíochtaí an Choimisiúin, obair idir lámha agus ceisteanna lárnacha. D'fhreastail príomhbhaill den fhoireann bhainistíochta ar na cruinnithe seo, de réir mar ba ghá agus ba chuí. D'fhreastail na hiniúchóirí inmheánacha neamhspleácha ar na cruinnithe ar bhonn rialta chun an t-eolas is déanaí a thabhairt don Choiste maidir leis an bplean iniúchta agus na tuairiscí iniúchta ábhartha. Níor tharraing tuarascáil bhliantúil an Choiste um Iniúchóireacht agus Measúnú Riosca do 2017 anuas aon cheisteanna maidir le córas rialaithe inmheánaigh an Choimisiúin.

## 9.5 Íocaíocht Phras na gCuntas

Aithníonn an Coimisiún a fhreagracht maidir le cinntiú go gcomhlíontar, sna poncanna ábhartha uile, forálacha Rialacháin an Chomhphobail Eorpaigh (Íocaíochtaí déanacha in Idirbhearta Tráchtála), 2002 ("Na Rialacháin"). Tá nósanna imeachta curtha i bhfeidhm chun na dátaí a aithint ar a bhfuil sonraisc iníoctha dlite agus chun a chinntiú go ndéanfar na híocaíochtaí ar na dátaí seo. Tugann na nósanna imeachta seo dearbhú in éadan neamhchomhlíonta ábhartha na Rialachán. Is é an polasaí íocaíochta atá againn ná cloí le riachtanais na Rialachán.

## 9.6 Soláthar

Cloíonn nósanna imeachta an Choimisiúin maidir le cúrsaí soláthair le treoirlínte agus le treoracha náisiúnta agus, más infheidhme, le treoirlínte agus le treoracha an Aontais Eorpaigh. De bharr an luach atá ar an gcuid is mó de na conarthaí, cuirtear i bhfeidhm na treoirlínte náisiúnta orthu de ghnáth. Tá plean soláthair ag an gCoimisiún, ina leagtar amach na réimsí ina meastar go mbeidh seirbhísí á gcur amach ar tairiscint.

## 9.7 Diúscairt sócmhainní agus rochtain ag tríú páirtithe ar shócmhainní

Níl sócmhainn ar bith ag an gCoimisiún den scála agus den luach a beartaíodh faoi na treoirlínte (€150,000). Ní raibh diúscairt sócmhainní ar bith ann le linn na bliana 2017.

## 9.8 Luacháil Infheistíochta

Níor thabhaigh an Coimisiún caiteachas caipitil suntasach ar bith i 2017 ag teacht laistigh den raon gníomhaíochtaí a bheartaítear i dtreoirleabhar 2005 de chuid na Roinne - Treoirlínte do Luacháil agus do Bhainistiú Tograí Caiteachais Chaipitil san Earnáil Phoiblí.

## 9.9 Comhlíonadh Cánach

Tá an Coimisiún faoi dhliteanas ÍMAT, CBL agus PSWT. Tá na foirmeacha cánach ábhartha uile do 2017 curtha isteach ag an gCoimisiún agus cloíonn sé go hiomlán le gach coinníoll maidir le cúrsaí cánachais.

## 9.10 Tobhach

Faoi Alt 23 den Acht um Rialáil Eitlíochta, 2001, féadfaidh an Coimisiún rialacháin a dhéanamh a fhorchuireann tobhach ar mhaithe le costais a tabhaíodh i gceart le linn dó a dhualgais a chomhlíonadh a chlúdach. Tá an tobhach iníoctha ag rangú de ghnóthais a d'fhéadfadh an Coimisiún a shonrú.

Ar an 11ú Nollaig 2017, rinne an Coimisiún I.R. 560 de 2017, rialachán a fhorchuireann an Tobhach don bhliain 2018. Tá an Coimisiún ag súil le hioncam €3.2 milliún a ghnóthú ón tobhach seo i 2018.

Athraíonn ioncam ó thobhaigh de réir riachtanais chaiteachais mheasta agus de réir riachtanais sreafa airgid (Tábla 7). Le blianta beaga anuas, rinneamar an tobhach a ghearradh faoina luach, chun na hiarmhéid airgid tirim a bhí againn a laghdú. Níor tháinig aon athrú suntasach ar an ioncam ón Táille Ceadúnais le níos mó ná bliain. Ioncam ó ús agus ioncam ón gCiste Cosanta Taistealaithe atá i gceist san Ioncam Eile. Athraíonn an chéad ceann de réir thaiscí agus ráta úis na bliana atá i gceist. Baineann an dara ceann leis na cásanna ina thabhaíonn an Coimisiún costais de bharr riar an Chiste Cosanta Taistealaithe agus na gCuntas Bannaí, agus go mbaintear na costais seo ón gciste nó ó chuntais na mbannaí. I 2017, dheileáil an Coimisiún le cliseadh Chadwell Travel Ltd agus baineadh na costais maidir leis na héilimh sin agus riaradh an chiste ón mbanna agus ón gciste faoi seach.

## Tábla 7: Tobhach an Choimisiúin

| Tobhach | 2017 | 2016 | % Athrú |
|---|---|---|---|
| Tobhach | 2,680,100 | 2,224,642 | 20% |
| Táillí Ceadúnas | 200,848 | 178,063 | 13% |
| Ioncam Eile | 4,956 | 105,193 | -95% |
| Iomlán | 2,885,904 | 2,507,898 | 15% |

## 9.11 Ráitis Airgeadais

Ar an 28ú Feabhra 2017, cuireadh na dréacht-ráitis airgeadais do 2016 faoi bhráid an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste chun go ndéanfaí iniúchadh orthu. Ar an 26ú Iúil 2017, tar éis cur i gcrích an iniúchta, cuireadh faoi bhráid an Aire Iompair, Turasóireachta agus Spóirt iad. Cuireadh faoi bhráid Thithe an Oireachtais iad ar an 4ú Deireadh Fómhair 2017 agus tá siad le fáil ar shuíomh gréasáin an Choimisiúin.

Ullmhaíodh dréacht-ráitis airgeadais don bhliain dar chríoch 31 Nollaig 2017 agus cuireadh faoi bhráid an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste iad ar an 28ú Feabhra 2018. Tugtar sliocht as na dréacht-ráitis seo thíos. Is cuid dhílis de na ráitis airgeadais an ráiteas faoi na polasaithe cuntasaíochta agus na nótaí ar na cuntais, rudaí nach gcuirtear i láthair thíos ach a bheidh mar pháirt de na cuntais fhoilsithe dheiridh.

### Dréacht-Ráiteas Ioncaim & Caiteachais don bhliain dar chríoch 31 Nollaig 2017

| | 2017<br>€ '000 | 2016<br>€ '000 |
|---|---|---|
| **Ioncam** | | |
| Ioncam Tobhaigh | 2,680 | 2,225 |
| Táillí Ceadúnas | 201 | 178 |
| Eile | 5 | 105 |
| **Ollioncam** | **2,886** | **2,508** |
| Aistriú (go)/ón gCuntas Caipitil | 5 | (1) |
| **Glanioncam** | **2,891** | **2,507** |
| | | |
| **Caiteachas** | | |
| Costais Foirne | 1,391 | 1,170 |
| Costais Phinsin | 221 | 256 |
| Comhairleacht | 547 | 35 |
| Táillí Dlí | 9 | 300 |
| Cíos | 280 | 280 |
| Éascú Sceideal | 307 | 331 |
| Costais Oibriúcháin | 591 | 488 |
| | **3,346** | **2,860** |
| **(Easnamh) Oibriúcháin** | **(455)** | **(353)** |

# 9

## Faisnéis Airgeadais

### Ráiteas ar Ioncam Cuimsitheach don bhliain dar chríoch 31 Nollaig 2017

| | 2017<br>€ '000 | 2016<br>€ '000 |
|---|---|---|
| (Easnamh) Oibriúcháin | (455) | (353) |
| Glanioncam ús ar dhliteanais scéime pinsin | | |
| Gnóthachain/(caillteanais) ó thaithí a eascraíonn ó dhliteanais maidir leis an scéim sochar scoir | (45) | (175) |
| Gnóthachain (caillteanais) achtúireacha ar shócmhainní na scéime | 103 | (19) |
| Athruithe ar na boinn tuisceana i dtaobh luach reatha dhliteanais na scéime sochar scoir | 69 | - |
| Aistrithe isteach do sheirbhíse roimhe sin | - | - |
| Gnóthachan/(caillteanas) achtúireach | 127 | (262) |
| **Gnóthachain/(Caillteanais) Aitheanta Iomlána a bhaineann leis an mBliain Airgeadais** | **(328)** | **(585)** |

### Dréacht-Ráiteas ar Staid an Airgeadais ag 31 Nollaig 2017

| | 2017<br>€ '000 | 2016<br>€ '000 |
|---|---|---|
| **Maoin, Gléasra agus Trealamh** | | |
| Maoin, Gléasra agus Trealamh | 16 | 21 |
| **Sócmhainní Reatha** | | |
| Airgead Tirim agus Coibhéisí Airgid | 20,781 | 20,892 |
| Taiscí Fadtéarmacha | 516 | 516 |
| Infháltais agus Réamhíocaíochtaí | 177 | 344 |
| | **21,475** | **21,752** |
| **Creidiúnaithe (Méideanna atá dlite laistigh de bhliain amháin)** | | |
| Suimeanna iníoctha agus Fabhruithe | (360) | (395) |
| Cuntais Bannaí Airgid | (19,334) | (19,190) |
| | **(19,694)** | **(19,586)** |
| **Glansócmhainní Reatha** | **1,781** | **2,165** |
| | | |
| **Iomlán na Sócmhainní lúide Dliteanais Reatha** | **1,797** | **2,187** |
| Glandliteanas Sochar Scoir | (942) | (935) |
| **Glansócmhainní agus Dliteanas Sochar Scoir san áireamh** | **855** | **1,252** |
| **Lena n-ionadaítear** | | |
| Cuntas Ioncaim agus Caiteachais | 1,781 | 2,166 |
| Cuntas Caipitil | 16 | 21 |
| Cúlchiste Sochar Scoir | (942) | (935) |
| | **855** | **1,252** |

# 9

# Faisnéis Airgeadais

## Ráiteas ar Athruithe don Chuntas Cúlchistí agus Caipitil ag 31 Nollaig 2017

| | Cuntas Ioncaim agus Caiteachais | Cuntas Caipitil | Cúlchiste Sochar Scoir | Iomlán |
|---|---|---|---|---|
| **Iarmhéid ag an 1 Eanáir 2016** | **2,387** | **20** | **(609)** | **1,798** |
| Easnamh Oibriúcháin | (353) | - | - | (353) |
| Gluaiseacht le linn na bliana | - | 1 | - | (1) |
| Gnóthachan Achtúireach | - | - | (194) | (194) |
| Aistriú | 132 | - | (132) | - |
| **Iarmhéid ag 31 Nollaig 2016** | **2,166** | **21** | **(935)** | **1,252** |
| | | | | |
| **Iarmhéid ag 1 Eanáir 2017** | **2,166** | **21** | **(935)** | **1,252** |
| Easnamh Oibriúcháin | (455) | - | - | (455) |
| Gluaiseacht le linn na bliana | - | (5) | - | (5) |
| Gnóthachan Achtúireach | - | - | 127 | 127 |
| Aistriú | 70 | - | (70) | - |
| Dliteanas APSP | - | - | (63) | (63) |
| **Iarmhéid ag 31 Nollaig 2017** | **1,781** | **16** | **(942)** | **855** |

## Ráiteas um Shreabhadh Airgid don bhliain dar chríoch 31 Nollaig 2017

| | 2017 € '000 | 2016 € '000 |
|---|---|---|
| **Glansreabhadh airgid ó ghníomhaíochtaí oibriúcháin** | | |
| Barrachas/(Easnamh) ar Ioncam agus ar Chaiteachas | (455) | (353) |
| Difríocht idir an Costas Sochar Scoir agus Ranníocaíocht an Fhostóra | 70 | 132 |
| Dímheas | 5 | 5 |
| Ús bainc a fuarthas mar ghlanmhéid de na muirir bhainc a íocadh | 1 | (2) |
| Amúchadh sócmhainn chaipitil | (5) | (1) |
| (Méadú)/Laghdú ar Infháltais | 82 | (91) |
| Laghdú/(Méadú) ar Réamhíocaíochtaí | 85 | 9 |
| Méadú ar Mhéideanna Iníoctha | 97 | 36 |
| (Laghdú)/Méadú ar Fhabhruithe | (133) | 190 |
| **(Glan-eis-sreabhadh) Airgid ó Ghníomhaíochtaí Oibriúcháin** | **(265)** | **(70)** |
| **Sreabhadh airgid ó Ghníomhaíochtaí Maoinithe** | | |
| Ús Bainc | - | 2 |
| Muirir Bhainc a Íocadh | (1) | (3) |
| Íocaíochtaí chun Sócmhainní Seasta Inláimhsithe a Fháil | - | (6) |
| **Glansreabhadh airgid ó Ghníomhaíochtaí Maoinithe** | **(1)** | **(8)** |
| **Sreabhadh airgid ó Ghníomhaíochtaí Infheistíochta** | | |
| Méadú ar Chuntais Bhannaí Airgid agus CCT | (143) | (1,561) |
| **Glansreabhadh Airgid ó Ghníomhaíochtaí Infheistíochta** | **(143)** | **(1,561)** |
| **Méadú/(Laghdú) Glan ar Airgead Tirim agus Coibhéisí Airgid** | **(111)** | **(1,639)** |
| Airgead tirim agus coibhéisí airgid amhail an 1 Eanáir | 20,892 | 22,531 |
| Airgead tirim agus coibhéisí airgid amhail an 31 Nollaig | 20,781 | 20,892 |

*Tá na huimhreacha seo slánaithe go neamhspleách agus b'fhéidir nach mbeidh an toradh díreach céanna leis an iomlán.*

# 10 Aguisín



# 10 Aguisín

## Soláthar Pleananna Oibre 2017 maidir leis an bPlean Straitéiseach

**Seirbhísí Aerfoirt atá Éifeachtúil, d'Ardchaighdeán agus Feasach faoi Shábháilteacht**

### Cuspóir 1: Muirir Éifeachtúla a Shocrú ag Aerfort Bhaile Átha Cliath

| Gníomhartha | Soláthar 2017 |
|---|---|
| ■ Praghasteorainn uasta a shocrú d'Aerfort Bhaile Átha Cliath don chéad tréimhse rialála eile 2020-2024 agus breathnú ar chur chuige rialála eile atá i gcomhréir leis an reachtaíocht.<br>■ Scrúdú a dhéanamh ar iarratas ó Aerfort Bhaile Átha Cliath ar athbhreithniú eatramhach maidir le liúntas forlíontach do chaiteachas caipitiúil a cheadú don tréimhse reatha rialála.<br>■ Rialú agus monatóireacht a dhéanamh ar sholáthar cost-éifeachtúil tionscadal caipitil.<br>■ Monatóireacht a dhéanamh ar chomhlíonadh mhuirir aerfoirt agus bearta maidir le caighdeán seirbhísí ag Aerfort Bhaile Átha Cliath. | ■ I mí Aibreáin, d'athraíomar an pointe truicir maidir le luach saothair an Rúidbhealaigh Thuaidh, chun an luach saothair a ailíniú níos fearr leis an amlíne atá ann do chur i gcrích an tionscadail.<br>■ I mí Dheireadh Fómhair,d'éascaíomar comhairliúcháin le húsáideoirí ag Aerfort Bhaile Átha Cliath maidir le tionscadal caipitil a moladh chun freagairt ar cheisteanna acmhainní ag an aerfort.<br>■ Tá socruithe tuairiscithe i bhfeidhm maidir le caiteachas forlíontach caipitil.<br>■ D'fhoilsíomar torthaí ráithiúla ar mhonatóireacht cháilíocht seirbhíse.<br>■ I mí Mheithimh, rinneamar comhairliúchán ar threoirlínte chun an leibhéal trédhearcachta do na comhairliúcháin bhliantúla ag Aerfort Bhaile Átha Cliath a fheabhsú. I mí Dheireadh Fómhair leagamar amach roinnt treoirlínte, agus súil againn go gcuirfeadh Aerfort Bhaile Átha Cliath agus úsáideoirí na treoirlínte sin i bhfeidhm maidir leis an gcomhairliúchán bliantúil ar mhuirir aerfoirt 2018. |

### Cuspóir 2: Rannpháirtíocht Pháirtithe Leasmhara sa phróiseas Cinnteoireachta a threisiú

| Gníomhartha | Soláthar 2017 |
|---|---|
| ■ Leibhéal níos airde comhairliúcháin ar mhuirir agus ar bhonneagar a chur chun cinn. | ■ I mí Dheireadh Fómhair, leagamar amach treoirlínte d'Aerfort Bhaile Átha Cliath agus d'aerlínte chun trédhearcacht a fheabhsú sa chomhairliúchán bliantúil ar mhuirir aerfoirt 2018. |
| ■ Breathnú ar conas rannpháirtíocht an phaisinéara sa phróiseas rialála a fheabhsú. | ■ I mí na Nollag, chinneamar ar thrí mholadh ardleibhéil a fheidhmiú maidir le feabhsú rannpháirtíocht an phaisinéara inár gcreat rialála. I R1 2018, táimid ag déanamh comhairliúcháin maidir lena bhfeidhmiú mionsonraithe. |

### Cuspóir 3: Iomaíocht a chur chun cinn agus Iontráil Nua a Éascú

| Gníomhartha | Soláthar 2017 |
|---|---|
| ■ Paraiméadair chomhordaithe sliotán a dhearbhú ag Aerfort Bhaile Átha Cliath chun an leas is éifeachtaí a bhaint as an mbonneagar, ag éascú iontrála aerlínte nua sa mhargadh. | ■ I mí Aibreáin, dhearbhaíomar na paraiméadair chomhordaithe sliotán do Gheimhreadh 2017 ag Aerfort Bhaile Átha Cliath, agus i mí Mheán Fómhair iad siúd do Shamhradh 2018.<br>■ I R1 2017, rinneamar measúnú iomlán acmhainní a choimisiúnú mar chuidiú linn i gcás dearbhuithe amach anseo. |
| ■ Comhordaitheoir neamhspleách sliotán a cheapadh. | ■ Cheapamar ACL mar chomhordaitheoir sliotán. |
| ■ Smachtbhannaí ar aerlínte a fheidhmíonn gan sliotán a chur i bhfeidhm. | ■ I mí Dheireadh Fómhair, neartaíomar na treoirlínte don Scéim Smachtbhannaí Sliotán Éireannach a fheidhmiú. |
| ■ Cinntiú go bhfuil na táillí a ghearrtar ar Láimhseálaithe ar an Talamh oiriúnach, oibiachtúil, trédhearcach agus neamh-idirdhealaitheach. | ■ Fuaireamar iarratas amháin maidir le faomhadh tháille ATI, a tharraing an t-iarratasóir siar ina dhiaidh sin. |

# 10

Aguisín

## Aerlínte agus Láimhseálaithe ar an Talamh atá Sábháilte agus Láidir ó thaobh an Airgeadais de

### Cuspóir 1: Córas éifeachtach Ceadúnaithe a oibriú

| Gníomhartha | Soláthar 2017 |
|---|---|
| ■ Athbhreithniú leanúnach a dhéanamh ar ár gcórais agus ár bpróisis inmheánacha. | ■ Idir lámha. |
| ■ Athbhreithniú a dhéanamh ar na sceidil a bhaineann le freagraí, próisis eisithe cheadúnais, athbhreithnithe, athnuachaintí, aistarraingtí agus cúlghairmeacha. | ■ Idir lámha. |
| ■ Tuilleadh comhordaithe a dhéanamh sna próisis leis an UEÉ maidir lenár gcúraimí faoi seach in eisiúint ceadúnas d'aerlínte agus athbhreithniú a dhéanamh ar ár socruithe comhroinnte faisnéise. | ■ Bíonn cruinnithe rialta againn leis an UEÉ maidir le nithe comhspéise agus tá uasdhatú á dhéanamh ar ár socruithe comhroinnte faisnéise. |
| ■ Breathnú ar conas go bhféadfaí cuspóirí cuí maidir le láimhseáil ar an talamh a bhaint amach ar bhealach níos éifeachtaí ag aerfoirt Éireannacha laistigh de raon feidhme na gcreat reachtach agus rialála atá ann. | ■ Thosaíomar ag obair leis na haerfoirt maidir le monatóireacht a dhéanamh ar fheidhmiú láimhsithe ar an talamh. Leanfar ar aghaidh leis an obair seo i 2018. |

## Gníomhaireachtaí Taistil agus Tionscnóirí Turas atá láidir ó thaobh an airgeadais de

### Cuspóir 1: Riachtanais na Treorach um Thaisteal Láneagraithe a chur i bhfeidhm

| Gníomhartha | Soláthar 2017 |
|---|---|
| ■ Oibriú i ndlúthchomhair leis na páirtithe leasmhara chun na riachtanais a shainiú. | ■ Chuamar i gcomhairle leis an dtionscal agus bhí roinnt cruinnithe againn le linn an gheimhridh i mBaile Átha Cliath, i mBaile Átha Luain agus i gCorcaigh. I mí Feabhra 2018, seolfar ár bpáipéar chuig an Roinn Iompair, Turasóireachta & Spóirt. |
| ■ Roghanna a shainaithint agus na hathruithe is gá a chur i bhfeidhm. | ■ Thosaigh an obair i 2017 agus leanfar ar aghaidh leis i 2018. |

### Cuspóir 2: Cosaint dhóthanach a thabhairt do thaistealaithe

| Gníomhartha | Soláthar 2017 |
|---|---|
| ■ Athbhreithniú a dhéanamh ar shocruithe bhannaithe agus cosanta taistil chun a chinntiú go mbeidh siad éifeachtach i gcónaí. | ■ I mí Eanáir 2018, d'fhoilsíomar tuarascáil ar bhearta cosanta sa trádáil taistil do thomhaltóirí; thángamar ar an dtuairim nach bhfuil an scéim éifeachtach a thuilleadh ag an bpointe seo.<br>■ I 2018, tosóimid ar staid 2; rachaimid i gcomhairle leis an dtionscal maidir le sonraí na socruithe a bhéas le cur i bhfeidhm chun an leibhéal cosanta a thabhairt do thomhaltóirí a bhfuil súil acu leis. |
| ■ Cásanna de thrádáil mhídhleathach líomhnaithe a fhiosrú. | ■ Rinne an rannóg Trádála Taistil sé ghearán a scrúdú le linn na bliana. |

# 10

Aguisín

## Creat Láidir chun Cearta Paisinéirí a Chur i bhFeidhm

### Cuspóir 1: Déileáil le gearáin ó phaisinéirí go héifeachtach agus go cothrom

| Gníomhartha | Soláthar 2017 |
|---|---|
| ■ Breathnú ar na deiseanna atá ann chun líon na bhfiosrúchán nach bhfuil faoinar gcúram a laghdú. | ■ Obair idir lámha. |
| ■ Dul i gcomhar le páirtithe leasmhara chun dul i ngleic le bunús na ngearán. | ■ Obair idir lámha. |

### Cuspóir 2: Feasacht thaistealaithe ar chearta aerphaisinéirí a fheabhsú

| Gníomhartha | Soláthar 2017 |
|---|---|
| ■ Plean cumarsáide a fhorbairt, lena n-áirítear athbhreithniú ar ár suíomhanna gréasáin, chun feasacht ar chearta aerphaisinéirí a fheabhsú. | ■ I mí Mheán Fómhair chuireamar fógraí sna meáin chun suntas a thabhairt do chearta paisinéirí. Tá tuilleadh oibre beartaithe le haghaidh 2018. |

## Rialú a Léiríonn an Dea-Chleachtas Idirnáisiúnta is Fearr

### Cuspóir 1: Córais éifeachtacha a úsáid

| Gníomhartha | Soláthar 2017 |
|---|---|
| ■ Córais do cheadúnú Aerlínte, Láimhseálaithe ar an Talamh, Tionscnóirí Turas agus Gníomhaireachtaí Taistil a athbhreithniú chun an dea-chleachtas is fearr a chinntiú. | ■ Rinneadh athbhreithniú agus leasú ar na próisis cheadúnaithe agus mhonatóireachta maidir leis an dTrádáil Taistil. Leanfar ar aghaidh leis an athbhreithniú seo i 2018 agus déanfar pé feabhsuithe is gá chun dea-chleachtas a chinntiú. |
| ■ Tagarmharcanna a úsáid atá inchomparáide le tagarmharcanna eagraíochtaí eile chun a chinntiú go bhfuil an dea-chleachtas is fearr á úsáid againn i gcur i bhfeidhm agus i gcur chun cinn cearta paisinéirí agus comhlíonadh aerlínte. | ■ Idir lámha. |

# 10

## Aguisín

### Cuspóir 2: Comhairliúchán éifeachtach a dhéanamh

| Gníomhartha | Soláthar 2017 |
|---|---|
| ■ Plean cumarsáide a chur i bhfeidhm chun páirtithe leasmhara a choinneáil suas chun dáta. | ■ Ag gach leibhéal san eagraíocht, buailimid lenár bpáirtithe leasmhara agus tugaimid suas chun dáta iad. |
| ■ Leanúint ar aghaidh de bheith ag obair le rialtóirí agus leis an dtionscal ar bhonn náisiúnta agus idirnáisiúnta chun cleachtais rialála a fheabhsú. | ■ Tá an Coimisiún ina bhall den Líonra Rialtóirí Eacnamaíocha in Éirinn, ina bhall den CECUTT (eagras AE a bhaineann le céimeannna um chosaint tomhaltóirí sa trádáil taistil) agus glactar páirt i bhFóram Thessaloniki. |
| ■ Rannpháirtíocht ghníomhach a dhéanamh i bhFóram Thessaloniki na Rialtóirí Eorpacha ar Mhuirir Aerfoirt agus i measúnú na Treorach um Muirir Aerfoirt. | ■ Rinneamar cathaoirleacht ar ghrúpa oibre de chuid Fhóram Thessaloniki. Foilsíodh dhá thuarascáil ar mheasúnuithe chumhacht mhargaidh. I 2018, beimid mar chathaoirleach ar obair an Fhóraim i réimsí eile. |
| ■ Comhordú le gníomhaireachtaí cuí eile maidir le rialáil Aerfort Bhaile Átha Cliath. | ■ Idir lámha. |
| ■ Polasaí rialála a fhorbairt mar ullmhúchán do Chinneadh 2019 ar Aerfort Bhaile Átha Cliath ag baint leasa as taithí údarás rialála eile. | ■ Thugamar tuilleadh solúbthachta isteach sna socruithe rialála agus leathnaíomar an plé cuiditheach idir Aerfort Bhaile Átha Cliath agus na haerlínte. |
| ■ Coinneáil suas chun dáta le forbairtí (lena n-áirítear tionchar Brexit ar an eitlíocht) agus faisnéis thráthúil a thabhairt do pháirtithe leasmhara. | ■ Idir lámha. |
| ■ Plean straitéiseach a fhoilsiú. | ■ Foilsíodh an plean i mí Bealtaine. |
| ■ Suíomhanna gréasáin a athbhreithniú agus a fheabhsú. | ■ Mar gheall ar thosaíochtaí níos práinni, tá an obair seo ar athló. |

### Cuspóir 3: Foireann oilte agus spreagtha a chaomhnú

| Gníomhartha | Soláthar 2017 |
|---|---|
| ■ Oideachas bunaithe ar acmhainní agus pleananna forbartha a chur in oiriúint don phlean straitéiseach. | ■ Idir lámha. |
| ■ Plean oiliúna a chur i bhfeidhm maidir le forbairt foirne bunaithe ar anailís a dhéanamh ar riachtanais scileanna agus inniúlachta an Choimisiúin um Rialáil Eitlíochta. | ■ Tá an plean i bhfeidhm. |
| ■ Leanúint ar aghaidh le húsáid a bhaint as ár gCóras Forbartha Bainistíochta Feidhmíochta chun an dea-chleachtas gnó is fearr a chinntiú. | ■ Idir lámha. |
| ■ Córas bainistíochta eolais a fhorbairt agus a chur i bhfeidhm. | ■ Idir lámha. |

# 10

## Aguisín

### Páipéir an Choimisiúin foilsithe i 2017

| | |
|---|---|
| CP1/2017 | Dréacht-Chinneadh ar an Athbhreithniú Eatramhach ar Chinneadh 2014 maidir le Láimhseáil Rialála an Rúidbhealaigh Thuaidh ag Aerfort Bhaile Átha Cliath |
| CP2/2017 | Comhairliúchán don Phlean Straitéiseach 2017-2019 |
| CP3/2017 | Cinneadh ar Pharaiméadair Chomhordaithe don Gheimhreadh 2017 ag Aerfort Bhaile Átha Cliath |
| CP4/2017 | Cinneadh ar an Athbhreithniú Eatramhach ar Chinneadh 2014 maidir leis an Rúidbhealach Thuaidh |
| CP5/2017 | Cinneadh ar Phlean Straitéiseach 2017-2019 |
| CP6/2017 | Comhairliúchán ar PTF don Rannóg Ceadúnaithe Trádála Taistil den Choimisiún um Rialáil Eitlíochta |
| CP7/2017 | Athbhreithniú ar Chomhairliúchán agus ar Thrédhearcacht faoin Treoir um Muirir Aerfoirt ag Aerfort Bhaile Átha Cliath |
| CP8/2017 | Comhairliúchán ar Chéimeanna Cosanta do Thomhaltóirí san Trádáil Taistil |
| CP9/2017 | Comhairliúchán ar Ionadaíocht Phaisinéaraí maidir le Cinnteoireacht Rialála ag Aerfort Bhaile Átha Cliath |
| CP10/2017 | Dréacht-Chinneadh ar Pharaiméadair Chomhordaithe do Shamhradh 2018 ag Aerfort Bhaile Átha Cliath |
| CP11/2017 | Cinneadh ar Pharaiméadair Chomhordaithe do Shamhradh 2018 ag Aerfort Bhaile Átha Cliath |
| CP12/2017 | Cinneadh ar Uasdhátú Threoirlínte Feidhmithe na Scéime um Smachtbhannaí Sliotán |
| CP13/2017 | Comhairliúchán maidir leis an gCreat um Thaisteal Láneagraithe a Thrasuíomh |
| CP14/2017 | Comhairliúchán ar an Amlíne chun Cinneadh ar Pharaiméadair Chomhordaithe |
| CP15/2017 | Cinneadh ar Ionadaíocht Phaisinéaraí maidir le Cinnteoireacht Rialála ag Aerfort Bhaile Átha Cliath |
| CP16/2017 | Comhairliúchán ar Threoirlínte, ar Dhreasachtaí agus ar Phainéal Comhairlitheach Ad hoc d'Ionadaíocht Phaisinéaraí ag Aerfort Bhaile Átha Cliath |
| | Comhairliúchán maidir le Dréacht-Thuarascáil ar Mheasúnú Acmhainní ag Aerfort Bhaile Átha Cliath |
| | Comhairliúchán maidir le hAthchóiriú na dTreoirlínte Feidhmithe den Scéim um Smachtbhannaí Sliotán |
| | An Chéad Tuarascáil ar Mheasúnuithe maidir le Cumhacht Mhargaidh agus Rialáil Cuí Eacnamaíoch ar Aerfoirt san AE |
| | An Dara Tuarascáil ar Chleachtais Mheasúnuithe maidir le Cumhacht Mhargaidh a Dhéanamh |
| | Monatóireacht ar Chaighdeán na Seirbhíse ag Aerfort Bhaile Átha Cliath, R42016 , R1 R2 R3 2017 |
| CN1/2017 | Socruithe faoi Cheadúnú don Trádáil Taistil d'Earrach 2017 |
| CN2/2017 | Iarratas ó Aerfort na Sionainne maidir le faomhadh táille ATI - CUPPS |
| CN3/2017 | Ráiteas maidir le Caidhp Praghais shealadach 2018 agus comhlíontacht le Caidhp Praghais 2016 ag Aerfort Bhaile Átha Cliath |
| CN4/2017 | Dearbhú maidir le Pointe Truicir an Tionscadail Deighilte do Bealach Bordála 2 a Bhaint Amach |

# 10

Aguisín

## Príomh-Tháscairí Feidhmíochta

| Táscaire Feidhmíochta | 2017 | 2016 |
|---|---|---|
| **Ceadúnú do Thrádáil Taistil** | | |
| Doiciméid ar iarraidh a chur in iúl laistigh de sheachtain amháin d'iarrthóirí ceadúnais | 18% | 8% |
| Cinneadh a thabhairt d'iarrthóirí ceadúnais, i bprionsabal, laistigh de mhí amháin | 42% | 43% |
| Ceadúnais a eisiúint laistigh de dhá sheachtain tar éis na doiciméid ar fad a fháil | 90% | 86% |
| Líon na n-áitreabh ceadúnaithe ar tugadh cuairt orthu | 24 | 27 |
| **Éilimh agus Aisdúichithe Lucht Trádála Taistil** | | |
| Líon na nÉileamh a Fuarthas tar éis teipeanna | 3 | 4,174 |
| Líon na n-éileamh a próiseáladh laistigh de dhá mhí | 3 | 2,573 |
| Líon na n-éileamh a próiseáladh laistigh de cheithre mhí | - | 4,174 |
| Líon na n-éileamh a próiseáladh laistigh de shé mhí | - | 4,174 |
| Costais riaracháin mar chéatadán de chostais iomlána na n-éileamh | 40% | 7% |
| Líon na bpaisinéirí aisdúichithe | - | 0 |
| Líon na bpaisinéirí ag feitheamh ar aisdúichiú, tar éis an dáta sceidealaithe aischurtha | - | n.b. |
| Líon na bpaisinéirí ag feitheamh ar aisdúichiú ar feadh níos mó ná seachtain amháin | - | n.b. |
| **Cosaint Tomhaltóirí** | | |
| Réamh-athbhreithnithe ar ghearáin curtha i gcrích laistigh de sheachtain amháin | Measta ag 65%[24] | 94% |
| Gearáin curtha ar aghaidh chuig CFN eile laistigh de mhí amháin ón ngearán a fháil | 40% | 64% |
| Imscrúduithe curtha i gcrích laistigh de thrí mhí ón ngearán a fháil[25] | 49% | 86% |
| Ilmscrúduithe curtha i gcrích laistigh de sheacht mí ón ngearán a fháil[26] | 89% | 99% |
| Líon na n-imscrúduithe aerfoirt | 6 | 8 |
| **Costais** | | |
| Athrú bliantúil ar chostais an Choimisiúin | 17% | +20% |

24 Bhí ár gcóras um láimhseáil gearán as líne (de bharr obair fhorbartha) sa chéad leath de 2017. Ós rud é gur pléadh de láimh le fiosruithe agus le gearáin le linn na tréimhse sin, ní féidir PTF cinntitheach a thuairisciú don bhliain ar fad. Tuigtear dúinn, áfach, ón sampla a scrúdaíomar, gur eachtarshuíomh cruinn é 65%.

25 Maidir le gearáin a fuarthas idir 1 Iúil 2016 agus 30 Meitheamh 2017, bhí an moilliú ar aon dul leis an bhliain roimhe sin.

26 Maidir le gearáin a fuarthas idir 1 Iúil 2016 agus 30 Meitheamh 2017, bhí an moilliú ar aon dul leis an bhliain roimhe sin.

# 10

Aguisín

## Plean Oibre an Choimisiúin um Rialáil Eitlíochta 2018

### Sprioc Straitéiseach 1: Seirbhísí Aerfoirt atá Éifeachtúil, d'Ardchaighdeán agus Feasach faoi Shábháilteacht

| Cuspóir 1 | Tosaíochtaí 2018 | Príomh-Tháscaire Feidhmíochta |
|---|---|---|
| Muirir Éifeachtúla a Shocrú ag Aerfort Bhaile Átha Cliath | ■ Praghasteorainn uasta a shocrú d'Aerfort Bhaile Átha Cliath don chéad tréimhse rialála eile agus breathnú ar chur chuige rialála eile atá i gcomhréir leis an reachtaíocht.<br>■ Scrúdú a dhéanamh ar iarratas ó Aerfort Bhaile Átha Cliath ar athbhreithniú eatramhach maidir le liúntas forlíontach do chaiteachas caipitiúil a cheadú don tréimhse reatha rialála.<br>■ Rialú agus monatóireacht a dhéanamh ar sholáthar cost-éifeachtúil tionscadal caipitil.<br>■ Monatóireacht a dhéanamh ar chomhlíonadh mhuirir aerfoirt agus bearta maidir le caighdeán seirbhísí ag Aerfort Bhaile Átha Cliath. | ■ Páipéar ceisteanna a fhoilsiú don chéad athbhreithniú praghais eile.<br>■ Comhairliúchán agus cinneadh maidir le liúntas forlíontach do chaiteachas caipitiúil.<br>■ Socrú tuairiscithe a chur i bhfeidhm.<br>■ Tuarascála ráithiúla maidir le caighdeán seirbhísí a fhoilsiú. |

| Cuspóir 2 | Tosaíochtaí 2018 | Príomh-Tháscaire Feidhmíochta |
|---|---|---|
| Rannpháirtíocht páirtithe leasmhara sa phróiseas cinnteoireachta a threisiú. | ■ Leibhéal níos airde comhairliúcháin ar mhuirir agus ar bhonneagar a chur chun cinn.<br>■ Breathnú ar conas rannpháirtíocht paisinéirí sa phróiseas rialála a fheabhsú. | ■ Treoir a thabhairt d'Aerfort Bhaile Átha Cliath maidir le comhairliúchán éifeachtach.<br>■ Ionadaíocht phaisinéirí maidir le cinntí rialála a fheabhsú. |

| Cuspóir 3 | Tosaíochtaí 2018 | Príomh-Tháscaire Feidhmíochta |
|---|---|---|
| Iomaíocht a chur chun cinn agus iontráil nua a éascú. | ■ Paraiméadair chomhordaithe sliotán a dhearbhú ag Aerfort Bhaile Átha Cliath.<br>■ Smachtbhannaí ar aerlínte a fheidhmíonn gan sliotán a chur i bhfeidhm. | ■ Cinntí paraiméadar a fhoilsiú.<br>■ Tuarascáil faoi chomhlíonadh a fhoilsiú. |

## Sprioc Straitéiseach 2: Aerlínte agus Láimhseálaithe ar an Talamh atá Sábháilte agus Láidir ó thaobh an Airgeadais de

| Cuspóir 1 | Tosaíochtaí 2018 | Príomh-Tháscaire Feidhmíochta |
|---|---|---|
| Córas éifeachtúil ceadúnaithe a oibriú. | ■ Athbhreithniú leanúnach a dhéanamh ar ár gcórais agus ár bpróisis inmheánacha. | ■ Próisis atá ann cheana a leasú de réir mar is gá. |
| | ■ Athbhreithniú a dhéanamh ar na sceidil do fhreagraí, do phróisis eisithe cheadúnais, d'athbhreithnithe, d'athnuachaintí, d'aistarraingtí agus do chúlghairmeacha. | ■ Próisis atá ann cheana a leasú de réir mar is gá. |
| | ■ Tuilleadh comhordaithe a dhéanamh sna próisis leis an UEÉ maidir lenár róil faoi seach in eisiúint ceadúnas d'aerlínte agus athbhreithniú a dhéanamh ar ár socruithe comhroinnte faisnéise. | ■ Uasdhátú a dhéanamh ar ár bpróisis cheadúnaithe agus ar ár socrú um chomhroinnt eolais. |
| | ■ Breathnú ar conas go bhféadfaí cuspóirí cuí maidir le láimhseáil ar an talamh a bhaint amach ar bhealach níos éifeachtaí ag aerfoirt Éireannacha laistigh de raon feidhme na gcreat reachtach agus rialála atá ann. | ■ Athbhreithniú a dhéanamh ar na socruithe leis na haerfoirt agus na cur chuige maidir le huasdhátú rialála a fhoilsiú. |

## Sprioc Straitéiseach 3: Gníomhaireachtaí Taistil agus Tionscnóirí Turas atá láidir ó thaobh an airgeadais de

| Cuspóir 1 | Tosaíochtaí 2018 | Príomh-Tháscaire Feidhmíochta |
|---|---|---|
| Riachtanais na Treorach um Thaisteal Láneagraithe a chur i bhfeidhm. | ■ Ionchur chuig saothar na Roinne Iompair, Turasóireachta agus Spóirt maidir le riachtanais na Treorach um Thaisteal Láneagraithe a chinneadh. | ■ Comhairliúchán faoin Treoir um Thaisteal Láneagraithe a chríochnú agus comhairle dheiridh a thabhairt don Roinn. |
| | ■ Athruithe ar an bpróiseas Ceadúnaithe a aithint agus a fheidhmiú chun teacht le riachtanais na Treorach um Thaisteal Láneagraithe. | ■ Riachtanais athchóirithe a fheidhmiú; treoirlínte, foirmeacha agus próiseas uasdhátaithe. |

| Cuspóir 2 | Tosaíochtaí 2018 | Príomh-Tháscaire Feidhmíochta |
|---|---|---|
| Cosaint dhóthanach a thabhairt do thaistealaithe | ■ Céim 2 den phróiseas a chur i bhfeidhm chun réiteach agus athruithe riachtanacha a aithint ar phróisis atá ann cheana maidir le ceadúnú, bannú agus bearta cosanta taistealaithe atá ag teacht le riachtanais na Treorach um Thaisteal Láneagraithe. | ■ Socruithe athchóirithe do chosaint phaisinéirí a fheidhmiú. Treoirlínte athchóirithe do cheadúnaithe agus bearta athchóirithe do chosaint phaisinéirí a fhoilsiú agus clár feasachta a fheidhmiú. |
| | ■ Leanúint leis an gcóras ceadúnaithe a riaradh agus monatóireacht a dhéanamh ar chomhlíontacht leis an scéim. | ■ Athnuachana agus ceadúnais nua a eisiúint in am, freagraí a eisiúint in am, líomhaintí maidir le trádáil mhídhleathach a scrúdú agus gníomh cuí a ghlacadh, feasacht ar an gcóras ceadúnaithe a fheabhsú. |

# 10

## Aguisín

### Sprioc Straitéiseach 4: Creat Láidir chun Cearta Paisinéirí a Chur i bhFeidhm

| Cuspóir 1 | Tosaíochtaí 2018 | Príomh-Tháscaire Feidhmíochta |
|---|---|---|
| Déileáil le gearáin ó phaisinéirí ar bhealach éifeachtúil agus cothrom. | ■ Breathnú ar na deiseanna atá ann chun líon na bhfiosrúchán nach bhfuil faoinar gcúram a laghdú.<br>■ Plé le páirtithe leasmhara chun a chinntiú go mbíonn próiseas éifeachtúil ann le gearán ó phaisinéirí a láimhseáil. | ■ Plean a fheidhmiú chun líon na bhfiosruithe nach mbaineann leis an gCoimisiún a laghdú.<br>■ Próiseas faoi láimhseáil gearán a fhoilsiú. |

| Cuspóir 2 | Tosaíochtaí 2018 | Príomh-Tháscaire Feidhmíochta |
|---|---|---|
| Feasacht thaistealaithe ar a gcearta a fheabhsú | ■ Plean cumarsáide a fhorbairt chun feasacht phaisinéirí ar a gcearta a mhéadú. | ■ Clár feasachta a chur i bhfeidhm. |

### Sprioc Straitéiseach 5: Rialú a Léiríonn an Dea-Chleachtas Idirnáisiúnta is Fearr

| Cuspóir 1 | Tosaíochtaí 2018 | Príomh-Tháscaire Feidhmíochta |
|---|---|---|
| Córais éifeachtacha a úsáid. | ■ Córais do cheadúnú aerlínte, láimhseálaithe ar an talamh, tionscnóirí turas agus gníomhaireachtaí taistil a athbhreithniú chun an dea-chleachtas is fearr a chinntiú. | ■ An córas ceadúnaithe a uasdhátú de réir mar is gá. |
| | ■ Tagarmharcanna a úsáid atá inchomparáide le tagarmharcanna eagraíochtaí eile chun a chinntiú go bhfuil an dea-chleachtas is fearr á úsáid againn i gcur i bhfeidhm agus i gcur chun cinn cearta paisinéirí agus comhlíonadh aerlínte, don tréimhse reatha rialála. | ■ Próisis a uasdhátú de réir mar is gá. |
| | ■ Riachtanais an rialacháin ghinearálta maidir le cosaint sonraí a chur i bhfeidhm | ■ Córais atá comhlíontach a chur i bhfeidhm ar bhealach tráthúil. |

| Cuspóir 2 | Tosaíochtaí 2018 | Príomh-Tháscaire Feidhmíochta |
|---|---|---|
| Comhairliúchán éifeachtach a dhéanamh. | ■ Leibhéal níos airde comhairliúcháin ar mhuirir agus ar bhonneagar a chur chun cinn. | ■ Plean a chur i bhfeidhm |
| | ■ Rannpháirtíocht ghníomhach a dhéanamh i bhFóram Thessaloniki na Rialtóirí Eorpacha ar Mhuirir Aerfoirt agus i measúnú na Treorach um Muirir Aerfoirt. | ■ Ionchur i gcruinnithe den ghrúpa agus den Fhóram agus tuairisciú ar dhul chun cinn. |
| | ■ Comhordú le gníomhaireachtaí cuí maidir le rialáil Aerfort Bhaile Átha Cliath. | ■ Eolas a chomhroinnt le ÚEE agus le SEIÉ (de réir mar is gá) sa phróiseas rialála d'Aerfort Bhaile Átha Cliath. Mar shampla, maidir le hacmhainní agus tionscadail chaipitil. |
| | ■ Polasaí rialála a fhorbairt mar ullmhúchán do Chinneadh 2019 maidir le Aerfort Bhaile Átha Cliath ag baint leasa as taithí údarás rialála eile. | ■ Páipéar ceisteanna a fhoilsiú. |
| | ■ Coinneáil suas chun dáta le forbairtí (lena n-áirítear tionchar Brexit ar an eitlíocht) agus faisnéis thráthúil a thabhairt do pháirtithe leasmhara. | ■ Uasdhátaithe a sholáthar de réir mar is gá. |

# 10

## Aguisín

| Cuspóir 3 | Tosaíochtaí 2018 | Príomh-Tháscaire Feidhmíochta |
|---|---|---|
| Foireann oilte agus spreagtha a chaomhnú. | ■ Pleananna acmhainne, oideachais agus forbartha a ailíniú lenár bplean straitéiseach agus clár oiliúna a chur i bhfeidhm bunaithe ar anailís ar na riachtanais scile agus cumasachta. | ■ Plean oiliúna 2018 an Choimisiúin a fheidhmiú. |
| | ■ Leanúint ar aghaidh d'úsáid a bhaint as ár gCóras Forbartha Bainistíochta Feidhmíochta chun an dea-chleachtas gnó is fearr a chinntiú. | ■ Leagan amach spriocanna, athbhreithniú eatramhach agus bliantúil a dhéanamh. Conduct goal setting, interim and annual progress review. |
| | ■ Athbhreithniú ar athléimneacht na heagraíochta. | ■ Tuilleadh fiosraithe a dhéanamh faoi mholtaí. |

| Cuspóir 4 | Tosaíochtaí 2018 | Príomh-Tháscaire Feidhmíochta |
|---|---|---|
| Tacú le feidhmiú an ráitis pholasaí náisiúnta faoi rialáil muirir aerfoirt. | ■ Ionchur i saothar an Roinn Iompair, Turasóireachta agus Spóirt maidir leis an gcreat rialála eacnamaíoch. | ■ Aon chinntí a thagann as saothar na Roinne Iompair, Turasóireachta agus Spóirt a chur i bhfeidhm. |
| | ■ Ionchur i saothar na Roinne Iompair, Turasóireachta agus Spóirt ar fheidhmeanna Rannáin Rialála Sábháilteachta (RRS) an ÚEÉ a chumasc le feidhmeanna reatha an CRE. | ■ Aon chinntí a thagann as saothar na Roinne Iompair, Turasóireachta agus Spóirt a chur i bhfeidhm. |





An Coimisiún um Rialáil Eitlíochta
Commission for Aviation Regulation

# Cairt Eagraíochta an Choimisiúin um Rialáil Eitlíochta

- **COIMISINÉIR** – Cathy Mannion
  - **STIÚRTHÓIR RIALÁLA EACNAMAÍOCH** – Adrian Corcoran
    - **EACNAMAITHE** – Maria Baquero, Luke Manning
  - **LEAS-CHOIMISINÉIR/ STIÚRTHÓIR GNÓTHAÍ DLÍ** – David Hodnett
    - **BAINISTEOIR CHEADÚNÚ EITLÍOCHTA** – Louise O' Dwyer
      - **OIFIGEACH CHEADÚNÚ EITLÍOCHTA** – Noel McDermott
    - **BAINISTEOIR CHEARTA AERPHAISINÉIRÍ** – Patricia Barton
      - **OIFIGIGH CHEARTA AERPHAISINÉIRÍ** – Anne Kenny, Deborah Maguire
  - **STIÚRTHÓIR RIARACHÁIN** – Brian Higgins
    - **BAINISTEOIR OIFIGE** – Sorcha Mc Donald
      - **RIARTHÓIR/ FÁILTEOIR** – Adrienne Sundquist
  - **STIÚRTHÓIR AIRGEADAIS** – Josephine O' Reilly
    - **BAINISTEOIR CHEADÚNÚ DO THRÁDÁIL TAISTIL** – Sarah Fischer
      - **OIFIGIGH CHEADÚNÚ DO THRÁDÁIL TAISTIL** – Liam O' Connor, Michael Dowling, Fiona Hewson

An Coimisiún um Rialáil Eitlíochta

Commission for Aviation Regulation



An Coimisiún um Rialáil Eitlíochta,
3ú hUrlár, Teach Alexandra,
Ardán Phort an Iarla,
Baile Átha Cliath 2, D02 W773.

Teil: +353 1 6611700
Facs: +353 1 6611269
www.aviationreg.ie
ríomhphost: info@aviationreg.ie